Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11733/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0241 (COD)**

**AGRI 357**
**AGRIFIN 83**
**FIN 890**
**CADREFIN 100**
**CODEC 1040**
**ENV 717**
**FORETS 53**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 560 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear na coinníollacha maidir le tacaíocht ón Aontas a chur chun feidhme don Chomhbheartas Talmhaíochta don tréimhse ó 2028 go 2034 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 560 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 560 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.7.2025
COM(2025) 560 final

2025/0241 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear na coinníollacha maidir le tacaíocht ón Aontas a chur chun feidhme don Chomhbheartas Talmhaíochta don tréimhse ó 2028 go 2034**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Is earnálacha straitéiseacha don Aontas iad an fheirmeoireacht agus an bia, lena gcuirtear bia sábháilte ardcháilíochta ar fáil do 450 milliún Eorpach ar phraghsanna inacmhainne agus tá ról lárnach acu maidir le slándáil bia san Eoraip agus ar fud an domhain. An tráth céanna, tá siad ríthábhachtach chun an geilleagar agus an saol a chothú i gceantair thuaithe, chomh maith le cuid thábhachtach den réiteach chun an aeráid, an dúlra, na hithreacha, an t-uisce agus an bhithéagsúlacht atá faoi strus faoi láthair a chosaint. Tá an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) i gcroílár an tionscadail Eorpaigh agus tá gealltanas tugtha aige breis agus 60 bliain ó shin slándáil bia agus caighdeán cóir maireachtála a áirithiú don phobal talmhaíochta, i gcomhréir le cuspóirí Chonarthaí an Aontais.

Tá an tiomantas sin chomh hábhartha céanna agus a bhí sé an tráth sin, ós rud é go bhfuil dúshláin mhóra roimh earnáil talmhaíochta an Aontais. Ní mór borradh a chur faoi tharraingteacht na hearnála do dhaoine óga, ós rud é nach bhfuil ach codán d’fheirmeoirí níos óige ná 40 bliain d’aois. Tá an earnáil neamhchosanta ar an athrú aeráide, ar chailliúint na bithéagsúlachta agus ar bhrúnna socheacnamaíocha, rud a chuireann a hinbhuanaitheacht fhadtéarmach agus a slite beatha fadtéarmacha i mbaol. Cuireann na réimsí iomaíochta domhanda míchothroma, roinnt spleáchas ar allmhairí agus leochaileacht i leith éiginnteachtaí geopholaitiúla leis an éiginnteacht fhadtéarmach atá roimh fheirmeoirí an Aontais. Is deacair infheistíochtaí a mhaoiniú toisc go bhfuil an t-ioncam talmhaíochta in aghaidh an oibrí fós i bhfad níos ísle ná an meánphá sa gheilleagar iomlán (60 % in 2023). Ina theannta sin, cuireann míchothromaíochtaí críochacha agus rochtain neamhleor ar eolas agus ar nuálaíocht — lena n-áirítear réitigh dhigiteacha — le tarraingteacht na hearnála atá ag meath, go háirithe i measc daoine óga.

Fágann na dúshláin sin go bhfuil gá le tacaíocht phoiblí don earnáil agus, an tráth céanna, tá gá le freagairt beartais láidir oiriúnaitheach chun earnáil talmhaíochta iomaíoch, athléimneach agus inbhuanaithe a áirithiú. Anuas ar na hathchóirithe rathúla a rinneadh roimhe seo lenar cuireadh CBT ar chonair bheartais atá bunaithe ar fheidhmíocht agus atá dírithe ar an margadh, ní mór, dá bhrí sin, leanúint de CBT a fhorbairt agus cur lena chumas freagairt go héifeachtach do staid athraitheach dhomhanda, Eorpach, náisiúnta agus réigiúnach, lena n-áirítear ar leibhéal na feirme.

Tá béim leagtha arís agus arís eile ag Cinn Stáit an Aontais ar an ngá atá le feabhas a chur ar athléimneacht thalmhaíocht an Aontais chun slándáil fhadtéarmach bia a áirithiú, beogacht na bpobal tuaithe a chaomhnú, agus aitheantas a thabhairt do ról ríthábhachtach CBT chun na spriocanna sin a bhaint amach. An tráth céanna, leag siad béim ar a thábhachtaí atá sé creat beartais cobhsaí intuartha a chur ar fáil chun tacú le feirmeoirí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhshaoil agus aeráide.

Leagtar béim sna Treoirlínte Polaitiúla do shainordú 2024-2029 ón gCoimisiún ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh ioncam cothrom leordhóthanach ag feirmeoirí chun leanúint de bheith i mbun nuálaíochta agus de thairbhí a chur ar fáil don Aontas ina iomláine. Chun an méid sin a bhaint amach, iarrtar sna treoirlínte ualaí maorlathacha a laghdú, luach saothair a thabhairt d’fheirmeoirí a oibríonn i gcomhréir leis an dúlra, agus a seasamh sa slabhra luacha bia a neartú chun iad a chosaint ar chleachtais éagóracha trádála. Chuige sin, ní

mór cothromaíocht a bhaint amach idir dreasachtaí, infheistíochtaí agus rialáil chun earnáil talmhaíochta níos iomaíche agus níos athléimní a thógáil.

Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2025, 'Fís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia', leagtar amach príomhphrionsabail do CBT tar éis 2027. Áirítear ar na prionsabail sin CBT atá bunaithe ar chuspóirí soiléire agus ar cheanglais spriocdhírithe, agus freagracht agus cuntasacht níos mó á nglacadh ag na Ballstáit as cuspóirí beartais a bhaint amach. Leagtar béim sa Teachtaireacht freisin ar an ról ríthábhachtach atá ag CBT maidir le tacú le hioncam feirmeoirí agus é a chobhsú, glúin nua feirmeoirí a mhealladh, agus beartas níos simplí agus níos spriocdhírithe a áirithiú ina mbeidh cothromaíocht níos soiléire idir dreasachtaí agus ceanglais shainordaitheacha. Ina theannta sin, leagtar béim inti ar an ngá atá le níos mó solúbthachta d'fheirmeoirí agus le haistriú ó choinníollacha go dreasachtaí. Leis an gcreat airgeadais nua, tugtar deis cur leis an athchóiriú a rinneadh le déanaí, agus rialacha tacaíochta á n-ailíniú ar bhealach comhtháite éifeachtach chun cuspóirí iomaíochais, athléimneachta, nuálaíochta agus inbhuanaitheachta a bhaint amach.

Léiríodh gur uirlisí éifeachtacha iad Pleananna Straitéiseacha CBT 2023-27 le haghaidh cur chun feidhme comhtháite beartais, lena n-éascaítear comhar idir rialtais, páirtithe leasmhara agus an tsochaí shibhialta. Leis an sásra nua seachadta a tugadh isteach in 2023, cuirtear cur chuige atá bunaithe ar bheartais agus ar fheidhmíocht ar fáil, rud a mhéadaíonn solúbthacht agus freagracht do na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar shainiúlachtaí áitiúla laistigh de chreat coiteann de chuid an Aontais. Anuas ar an taithí sin, tá deis ann cur chun feidhme CBT a chuíchóiriú a thuilleadh agus sineirgí agus solúbthacht a mhéadú laistigh de réimsí caiteachais eile agus le réimsí caiteachais eile.

I gcomhthéacs thograí reachtacha CAI do 2028-2034, tá údar cuí leis an togra seo atá tiomnaithe don talmhaíocht mar gheall ar shainiúlachtaí CBT. Cé go mbeidh **CBT a bheidh ann amach anseo ailínithe leis na sásraí seachadta cuíchóirithe le haghaidh chláir chaiteachais an Aontais faoin CAI nua agus go mbeidh clársceidealú agus cur i bhfeidhm CBT mar chuid de phleananna agus den Chiste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí,** leagtar síos sa togra sin rialacha sonracha a bhfuil gá leo chun CBT a stiúradh i dtreo na nithe seo a leanas:

- **Rannchuidiú le tacaíocht ioncaim níos spriocdhírithe d'fheirmeoirí agus lena n-iomaíochas fadtéarmach,** tacaíocht a dhíriú ar fheirmeoirí a rannchuidíonn go gníomhach leis an tslándáil bia, le beogacht eacnamaíoch na bhfeirmeacha agus na n-earnálacha sonracha agus le caomhnú an chomhshaoil, agus rochtain ar fhoinsí comhlántacha ioncaim á cumasú an tráth céanna.

- **Feabhas a chur ar tharraingteacht na gairme agus athnuachan ó ghlúin go glúin a chothú,** cuidiú le rochtain daoine óga agus iad siúd a théann isteach sa ghairm, lena n-áirítear trí fhorbairt scileanna, rochtain níos fearr ar chaipiteal agus dálaí oibre níos fearr a chur chun cinn.

- **Feabhas a chur ar ról earnáil na feirmeoireachta agus na foraoiseachta maidir le gníomhú ar son na haeráide, soláthar seirbhísí éiceachórais, caomhnú na bithéagsúlachta agus acmhainní nádúrtha**, trí luach saothair a thabhairt d'fheirmeoirí a oibríonn leis an dúlra agus trí bhogadh i dtreo modhanna táirgthe níos inbhuanaithe atá oiriúnaithe do na dálaí áitiúla a dhreasú, agus an chothromaíocht cheart idir infheistíochtaí, dreasachtaí agus ceanglais a bhaint amach.

- **Feabhas a chur ar athléimneacht, ar an gcumas déileáil le géarchéimeanna agus rioscaí,** dreasachtaí níos láidre agus níos spriocdhírithe a chur ar fáil d'fheirmeoirí chun a leochaileacht agus a neamhchosaint ar rioscaí a laghdú, lena n-áirítear trí oiriúnú ar leibhéal na feirme agus éagsúlú an táirgthe, athruithe claochlaithe níos uaillmhianaí a chur chun cinn in áiteanna nach bhfuil gnó mar is gnách inbhuanaithe san fhadtéarma, agus an nasc idir cosc agus bainistiú géarchéime a neartú.

- **Dlús a chur leis an nuálaíocht, rochtain ar eolas a fheabhsú agus dlús a chur leis an aistriú digiteach** d'earnáil talmhaíochta rathúil trí chóras um eolas agus nuálaíocht talmhaíochta a neartú, lena n-áirítear rochtain ar sheirbhísí comhairleacha neamhchlaonta agus cáilithe, oiliúint spriocdhírithe, glacadh níos leithne réiteach digiteach a chothú.

- **Feabhas a chur ar dhálaí oibre agus ar an saol i gceantair thuaithe,** trí sheirbhísí faoisimh agus tacaíocht a chur ar fáil don chomhar, don fhorbairt ghnó, don bhreisluach agus do thionscadail lena gceadaítear forbairt tuaithe.

Agus na cuspóirí sin á mbaint amach, is é is aidhm don togra **acmhainn iomlán na pleanála straitéisí a bhaint amach trí chreat beartais níos simplí agus níos solúbtha lena bhfeabhsaítear sineirgí agus comhlántachtaí ar fud na n-earnálacha.** Cuireann an Creat Airgeadais Ilbhliantúil nua deis ar fáil chun go mbeidh tionchar níos mó ag caiteachas bhuiséad an Aontais ar thalmhaíocht. Anuas ar an gcóras atá ann faoi láthair atá bunaithe ar phleananna straitéiseacha, tairbheoidh an clársceidealú d'éabhlóid bhreise agus an tráth céanna áiritheofar comhleanúnachas agus sineirgí leis an gcreat coiteann dá bhforáiltear leis an tsraith iomlán de thograí CAI, go háirithe na tograí ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an **Ciste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí** don tréimhse 2028-2034 ('Rialachán maidir leis an gCiste CNR'), an togra le haghaidh Rialachán maidir le **Comhchreat Feidhmíochta** ('Rialachán Feidhmíochta'), an togra le haghaidh **Ciste Eorpach um Iomaíochas** agus an togra le haghaidh **Creatchlár Taighde**. A mhéid a bhaineann le tacaíocht **réamhaontachais**, ullmhófar tíortha is iarrthóirí sa togra le haghaidh Eoraip Dhomhanda trí na struchtúir is gá a chur i bhfeidhm dá gcórais talmhaíochta chun ailíniú de réir a chéile le CBT.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá ann cheana sa réimse beartais**

Tá an togra seo i gcomhsheasmhacht iomlán le cuspóirí CFAE CBT. Déantar nuachóiriú leis ar an gcaoi a gcuirtear forálacha CFAE chun feidhme, i gcomhréir le treoshuíomhanna CAI 2028-2034, leis an bhFís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia agus leis na hiarrachtaí simpliúcháin, agus oiriúnú á dhéanamh an tráth céanna do na dúshláin atá ann faoi láthair.

Leagtar amach cuspóirí CBT in Airteagal 39 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE):

- táirgiúlacht na talmhaíochta a mhéadú trí dhul chun cinn teicniúil a chur chun cinn agus trína áirithiú go ndéanfar forbairt réasúnach ar tháirgeadh na talmhaíochta agus go n-úsáidfear na tosca táirgthe mar is fearr is féidir, go háirithe an lucht oibre;

- mar sin, caighdeán cóir maireachtála a áirithiú do lucht na talmhaíochta, go mór mór tuilleamh gach duine dá mbíonn ag gabháil don talmhaíocht a mhéadú;

- margaí a chobhsú;

- a áirithiú go mbíonn soláthairtí ar fáil;
- a áirithiú go mbíonn soláthairtí á gcur chuig tomhaltóirí ar phraghsanna réasúnta.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Cuireann an talmhaíocht go mór le **hiomaíochas** domhanda an Aontais. Is allmhaireoir mór tráchtearraí é an tAontas agus is curadh onnmhairiúcháin é do tháirgí bia agus talmhaíochta luachmhara, agus dá bhrí sin, tá tionchar aige ar chórais bia lasmuigh den Aontas. Tá an togra i gcomhréir le hAirteagal 208 CFAE, agus is rud atá san áireamh ann cuspóirí chomhar forbartha an Aontais leis an mbochtanas a dhíothú agus leis an bhforbairt inbhuanaithe a chur i réim i dtíortha atá i mbéal forbartha, go mór mór an t-áirithiú gur ríbheag d'éifeachtaí trádála atá ag tacaíocht ón Aontais d'fheirmeoirí, nó nach ann do na héifeachtaí sin ar chor ar bith.

Tá 84 % de chríocha an Aontais faoi thalmhaíocht agus faoi choillte. Tá an earnáil spleách ar staid an chomhshaoil, agus bíonn sí ag dul i gcion ar staid an chomhshaoil. Ar ndóigh, áirítear ar chuspóirí sonracha CBT **gníomhú ar son an chomhshaoil agus ar son na haeráide.** Mar shampla, rannchuidíonn CBT leis an oiriúnú don athrú aeráide agus leis an athléimneacht uisce, amhail maolú riosca tuilte agus bainistiú uisce trí athchóiriú tírdhreacha, agus tacaíonn sé freisin le tionscnaimh bhithéagsúlachta agus chaomhnaithe. Ar an gcaoi chéanna, is féidir le CBT tacú le tionscadail fuinnimh in-athnuaite agus leis an mbithgheilleagar, rud a rannchuidíonn le cuspóirí aistrithe fuinnimh agus ciorclaíochta an Aontais.

Leagtar béim láidir sa togra ar thacaíocht a thabhairt d'fheirmeoirí óga agus cuirtear **athnuachan ó ghlúin go glúin** chun cinn, i gcomhréir le fócas an Choimisiúin ar an óige.

Tacaíonn CBT le hioncam d'fheirmeoirí agus, ar an gcaoi sin, rannchuidíonn sé le feabhas a chur ar **chuspóirí agus beartais shóisialta** ar roinnt bealaí tábhachtacha: díríonn sé ar na feirmeoirí is mó atá i ngátar, tacaíonn sé le saintréithe soch-chultúrtha éagsúla cheantair thuaithe an Aontais, lena n-áirítear cruthú post agus dálaí maithe oibrithe san fheirmeoireacht agus i gceantair thuaithe. Is gá tairbhithe deiridh a chosaint agus intuarthacht a áirithiú do chomhpháirt tacaíochta ioncaim CBT agus na hiarrachtaí tacaíochta dá bhforáiltear sa rialachán seo a spriocdhíriú agus a stiúradh. Ar deireadh, maoiníonn CBT scileanna agus eolas chun tacú le feirmeoirí ina n-aistriú socheacnamaíoch, glas agus digiteach. Oideachas talmhaíochta neartaithe, deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil, agus idir piaraí. Leis an struchtúr nua, is fearr is féidir leis a ionstraimí a ailíniú leis na córais oiliúna náisiúnta agus leis na cláir thaighde náisiúnta.

Tá nasc díreach ag an talmhaíocht leis an gcoincheap '**aon sláinte amháin**'. I ndáil leis sin, soláthraítear leis an togra sraith ionstraimí arb é is aidhm dóibh táirgeadh bia ardcháilíochta a áirithiú, úsáid lotnaidicídí agus ábhar frithmhiocróbach a laghdú, feabhas a chur ar dhálaí leasa ainmhithe, chomh maith le bearta bithshlándála ar leibhéal na feirme chun ráigeanna lotnaidí agus galar ainmhithe a chosc.

Rannchuidíonn CBT leis an gcomhtháthú agus leis an gceart fanachta trí gheilleagar tuaithe éagsúil athléimneach a chothú i **gceantair thuaithe**, lena dtacaítear, mar shampla, le deiseanna gnó, agrathurasóireacht, bonneagar, agus an bithgheilleagar trína straitéisí LEADER. Tá sé sin ag teacht le spriocanna na Físe Fadtéarmaí le haghaidh Ceantair Thuaithe, agus béim á leagan ar éagsúlú eacnamaíoch i dtimpeallachtaí tuaithe d'fheirmeoirí.

Faoi mar atá in earnálacha eile, ba cheart don talmhaíocht agus do cheantair thuaithe úsáid níos fearr a bhaint as an **nuálaíocht** chun feabhas a chur ar an iomaíochas, ar an

inbhuanaitheacht agus ar an athléimneacht. Cuireann teicneolaíocht agus eolas nua, go háirithe teicneolaíochtaí digiteacha, feabhas ar éifeachtúlacht acmhainní. Leis an togra treisítear naisc leis an mbeartas taighde trí aird faoi leith a thabhairt ar eagrú an mhalartaithe eolais sa tsamhail seachadta beartais. Is féidir le CBT agus beartas taighde agus nuálaíochta an Aontais feabhas mór a chur ar iomaíochas agus athléimneacht earnáil na talmhaíochta. Ar an dul céanna, tá béim ar an digitiú, rud a thapóidh nascadh le Clár Oibre Digiteach agus Intleachta Saorga an Aontais, ach cuirtear teorainn leis an ualach tuairiscithe freisin.

Tá go leor deiseanna ann le haghaidh sineirgí idir CBT agus beartais eile de chuid an Aontais, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann leas níos fearr a bhaint as an sásra pleanála nua.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Le hAirteagal 38 CFAE cumhachtaíodh an tAontas comhbheartas talmhaíochta a shainiú agus a chur chun feidhme. Leagtar amach in Airteagal 39 CFAE cuspóirí CBT, lena n-áirítear táirgiúlacht talmhaíochta a mhéadú, caighdeán cóir maireachtála don phobal talmhaíochta, margaí a chobhsú, infhaighteacht soláthairtí a áirithiú agus na soláthairtí sin a chur ar fáil do thomhaltóirí ar phraghsanna réasúnta.

Is é Airteagal 43(2) CFAE bunús dlí an togra seo.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Déantar foráil sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le hinniúlacht roinnte talmhaíochta idir an tAontas agus na Ballstáit, fad atá comhbheartas talmhaíochta á bhunú a bhfuil cuspóirí coiteanna agus cur chun feidhme coiteann ag dul leis.

Sa tsamhail seachadta atá ann faoi láthair, tá an tAontas tar éis bogadh chun na bunpharaiméadair bheartais a shocrú (cuspóirí CBT, réimse na hidirghabhála go ginearálta, na bunriachtanais), áit a bhfuil breis freagrachta ar na Ballstáit, agus iad níos cuntasaí, maidir leis na cuspóirí a chomhlíonadh agus na spriocanna comhaontaithe a bhaint amach. Sa chreat sin, leis an togra le haghaidh CBT tar éis 2027, leantar de chothrom iomaíochta a áirithiú i measc na mBallstát agus na bhfeirmeoirí sa mhargadh aonair, lena ráthaítear slándáil bia ar fud an Aontais, agus lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin de chineál trasteorann agus domhanda.

I gcomhréir leis an bhFís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia agus timpeallacht feirmeoireachta an-éagsúlaithe an Aontais a bhfuil paraiméadair fhisiceacha éagsúla aici a fheiceáil, níl cur chuige a oireann do chách oiriúnach chun na torthaí inmhianaithe a bhaint amach. Le leibhéal níos fearr comhtháthaithe le beartais éagsúla agus le solúbthacht do na Ballstáit, beifear in ann dálaí agus riachtanais áitiúla a chur san áireamh ar bhealach níos fearr. Is iad na Ballstáit a bheidh i gceannas ar idirghabhálacha CBT a oiriúnú ionas gur móide na hidirghabhálacha sin rannchuidiú na mBallstát le cuspóirí an Aontais, bunaithe ar mholtaí ón gCoimisiún.

- **Comhréireacht**

Na dúshláin eacnamaíocha, chomhshaoil agus shóisialta atá roimh earnáil feirmeoireachta an Aontais Eorpaigh, agus roimh na ceantair tuaithe, is gá freagairt dóibh go láidir agus iarracht mharthanach a dhéanamh, freagairt agus iarracht a thabharfaidh a cheart féin do na gnéithe de na dúshláin sin a bhaineann leis an Aontas Eorpach. Tá buiséad láidir agus comhréireach sa chiste CNR ag gabháil le creat beartais CBT. Tá an chumhacht níos mó a thugtar do na

Ballstáit maidir leis na huirlisí beartais atá ar fáil laistigh de CBT a roghnú agus a oiriúnú chun comhchuspóirí an Aontais a bhaint amach comhréireach leis an leibhéal gníomhaíochta is gá i bhfianaise riachtanas agus dúshlán.

• **An rogha ionstraime**

Tá bunús dlí an Chomhbheartais Talmhaíochta in Airteagail 42-43 CFAE agus le 60 bliain anuas tá sé léirithe go bhfuil sé fós ábhartha, riachtanach agus go bhfuil sé ag athrú le himeacht ama. Le beartas atá spriocdhírithe go maith, lena gcuirfear an stiúradh ceart ar fáil, áiritheofar na dálaí cearta d'fheirmeoirí agus do cheantair thuaithe chun féachaint le slándáil bia agus athnuachan ó ghlúin go glúin a áirithiú ar bhealach inbhuanaithe.

Leagtar amach sa ghníomh dlí na gnéithe sonracha beartais a bhaineann le CBT, a fhócas agus a stiúradh, rud a chruthaíonn cearta do na Ballstáit agus do thairbhithe deiridh agus oibleagáidí orthu. Mar gheall ar a chineál fadtéarmach agus straitéiseach, agus mar gheall ar chineál a chaiteachais mar thacaíocht ioncaim, infheistíochtaí agus comhar, tá údar le bunús dlí atá comhtháite ach neamhspleách. Agus córas rialachais foriomlán CAI á chur san áireamh, is é an bealach is iomchuí chun an creat atá beartaithe a oibríochtú ná rialachán tiomnaithe maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta, lena gcomhlánaítear an Rialachán maidir leis an gCiste CNR agus Rialachán Feidhmíochta atá beartaithe le forálacha sonracha is infheidhme maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta. Oibríonn sé i gcomhar le Comheagrú na Margaí Talmhaíochta, mar a rinneadh roimhe seo.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

• **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

I mí na Samhna 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil maidir le hiarrachtaí comhpháirteacha na bPleananna Straitéiseacha CBT uile i mBallstáit an Aontais (faoi Rialachán (AE) 2021/2115 is infheidhme faoi láthair) inar cuireadh i dtábhacht roinnt príomhghnéithe:

- Is uirlis iomchuí iad na Pleananna Straitéiseacha CBT nua chun cuspóirí beartais CBT a shaothrú;
- Léirítear i bPleananna Straitéiseacha CBT tacaíocht leanúnach d'ioncam feirme, d'inbhuanaitheacht eacnamaíoch agus d'athléimneacht na hearnála talmhaíochta;
- Is gá uirlisí bainistithe riosca agus a nglacadh méadaithe ar fud an Aontais a threisiú trí scéimeanna an Aontais nó trí scéimeanna náisiúnta;
- Tá na pleananna níos glaise ná mar a bhí sa tréimhse CBT roimhe seo; ach tá níos mó acmhainneacha ann rannchuidiú le maolú ar an athrú aeráide, go háirithe trí fheabhas a chur ar cheapadh carbóin, agus tá gá le cur chuige níos iomlánaíche agus níos fadtéarmaí lena n- éilítear cleachtais bhainistíochta agus infheistíocht ábhartha mar gheall ar na dúshláin maidir leis an oiriúnú don aeráid.

- Tá dul chun cinn déanta maidir le bainistíocht inbhuanaithe acmhainní nádúrtha, go háirithe maidir leis an ithir agus spleáchas ar ionchuir cheimiceacha a laghdú.
- Beidh gá le cineálacha cur chuige níos iomlánaíche i leith earnálacha sonracha, lena gcuimseofar a leochaileachtaí agus a dtairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil: mar shampla, feabhas a chur ar thionchar dearfach na gcóras fairsing beostoic ar an mbithéagsúlacht, ar cheapadh carbóin, ar thírdhreacha, ar an oidhreacht chultúrtha agus ar shlite beatha tuaithe;
- Agus, ar deireadh, braitheann an staid fhoriomlán freisin ar ghnéithe lasmuigh de CBT, chomh maith le tosca seachtracha eile amhail teacht chun cinn na margaí agus roghanna tomhaltóirí.

Sa tuarascáil forléargais sin ina ndéantar achoimre ar uaillmhian chomhchoiteann agus iarracht chomhpháirteach na mBallstát, mheas an Coimisiún go bhfuil gá ar leith le haird bhreise a thabhairt ar na réimsí seo a leanas: scileanna, oiliúint agus cáil chomhairleach a threisiú ar gach leibhéal; malartuithe dea- chleachtas a chothú chun na Ballstáit agus páirtithe leasmhara a threorú ar bhealach níos fearr; ualach riaracháin idirghabhálacha sonracha a laghdú; agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar thorthaí (chomh maith le Pleananna Straitéiseacha CBT a choigeartú i gcás inar gá).

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil go gníomhach le páirtithe leasmhara agus tionscnaimh CAI á n-ullmhú aige.

Seoladh Idirphlé Straitéiseach maidir le Todhchaí Thalmhaíocht an Aontais i mí Eanáir 2024, inar tugadh le chéile 29 bpríomhpháirtí leasmhar ó earnálacha agraibhia na hEorpa, ón tsochaí shibhialta, ó phobail tuaithe agus ón saol acadúil chun teacht ar chomhthuiscint agus chun fís a leagan síos do thodhchaí chórais feirmeoireachta agus bhia an Aontais. Cuireadh i dtábhacht san Idirphlé Straitéiseach gur gá leanúint de thacaíocht shocheacnamaíoch a chur ar fáil atá dírithe ar na feirmeoirí is mó a bhfuil gá acu léi; torthaí dearfacha comhshaoil, sóisialta agus leasa ainmhithe a chur chun cinn don tsochaí; agus borradh a chur faoi dhálaí cumasúcháin le haghaidh ceantair thuaithe. Fuarthas amach inti go bhfuil buiséad tiomnaithe agus comhréireach ag teastáil chun cuspóirí an Aontais a bhaint amach maidir le talmhaíocht agus táirgeadh bia, forbairt tuaithe, aeráidneodracht agus athbhunú na bithéagsúlachta, buiséad a bheidh ag teacht leis na huaillmhianta uile a bhfuil tábhacht chothrom agus chomhionann ag baint leis. Tá an prionsabal sin ríthábhachtach chun brabús eacnamaíoch a dhéanamh ar an aistriú, chun athnuachan ó ghlúin go glúin a chur chun cinn, chun borradh a chur faoi cheantair thuaithe agus chun tacú le feirmeacha atá faoi mhíbhuntáiste iomaíoch, ach tá sé ríthábhachtach don éagsúlacht talmhaíochta san Aontas.

Thairis sin, faoi chuimsiú an Bhoird Eorpaigh um an Talmhaíocht agus Bia a bunaíodh le déanaí, ina dtugtar le chéile eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar an bpobal feirmeoireachta, ar ghníomhaithe eile i slabhra an tsoláthair bia, agus ar an tsochaí shibhialta, rinneadh plé tiomnaithe an 19 Bealtaine 2025 agus an 19-20 Meitheamh 2025 maidir le conas íocaíochtaí díreacha a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr agus bogadh ó choinníollacha go dreasachtaí in CBT tar éis 2027.

Bailíodh ionchuir bhreise maidir le todhchaí CBT trí chruinnithe tiomnaithe a eagraíodh faoi chuimsiú ardáin pháirtithe leasmhara an Aontais atá ann cheana agus ceardlanna teicniúla *ad hoc* lena dtugtar le chéile páirtithe leasmhara an Aontais agus na Ballstáit.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ar mhaithe le fianaise agus eolas a bhailiú ó na saineolaithe ar shaincheisteanna a bhaineann le CBT, eagraíodh sraith ceardlann teicniúil idir mí na Nollag 2023 agus mí na Bealtaine 2024. A bhuíochas leis na ceardlanna sin, bhí malartú tuairimí ann idir páirtithe leasmhara an Aontais, na Ballstáit agus seirbhísí an Choimisiúin, agus cuireadh na príomhchonclúidí agus saincheisteanna i bhfocail chun nuachóiriú agus simpliú an phróisis CBT a chur san áireamh.

Thángthas ar an gconclúid sa chéad cheardlann maidir le hathléimneacht gur gá uirlisí bainistithe riosca ar leibhéal na feirme agus deiseanna comhroinnte riosca feadh an tslabhra luacha a neartú, le cur chuige níos iomlánaíche, lena n-áirítear cur chuige maidir le cosc. Bhí an dara ceardlann dírithe ar shlándáil bia, tugadh an tríú ceardlann maidir le hinbhuanaitheacht chun críche le tacaíocht leathan ar an ngá atá le cuidiú le feirmeoirí tástáil a dhéanamh ar nuálaíochtaí nua, comhairle níos neamhspleáiche. Deimhníodh sa cheathrú ceardlann maidir le rialachas agus feidhmíocht CBT an tacaíocht fhoriomlán do shamhail seachadta nua CBT, d’iarr na rannpháirtithe ar an ngá atá le cobhsaíocht, solúbthacht agus simpliú (go háirithe d’fheirmeoirí); níos mó cuir chuige dheonacha a fhiosrú; an cumas freagairt do thurraingí seachtracha a mhéadú; comhréireacht maidir le rialuithe agus pionóis. I gceardlann dheireanach a bhí dírithe ar an dlúthpháirtíocht agus ar cheantair thuaithe agus inar leagadh béim ar thacaíocht ghinearálta chun freagairtí beartais níos comhtháite a áirithiú, rud a bhí riachtanach d’fhairsinge na ndúshlán tuaithe, ní féidir le CBT gach rud a dhéanamh, tá dea-chleachtais ann ach ní ghlactar leo, agus an gá atá le níos mó fothú acmhainneachta do riaracháin agus creataí níos simplí.

Áiríodh i dtionscadal fadbhreathnaitheachta de chuid an Choimisiúin maidir leis an aistriú digiteach d’fheirmeoirí agus do phobail tuaithe sraith ceardlann rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara, idir mí an Mhárta 2022 agus mí na Bealtaine 2023. Ghlac an Coimisiún, in éineacht leis na Ballstáit, páirt sa chleachtadh fadbhreathnaitheachta a rinne Uachtaránacht na Spáinne maidir le hUathriail Straitéiseach Oscailte, lena n-áirítear agraibhia mar chuid de cheithre earnáil straitéiseacha.

Ar deireadh, le hidirphlé cur chun feidhme i mí an Mheithimh 2025 a raibh an Coimisinéir Hansen ina chathaoirleach air, bhíothas in ann tosaíochtaí a shainaithint chun feabhas a chur ar ionstraimí CBT atá ann faoi láthair.

- **Measúnú tionchair**

Bhí an togra bunaithe ar an measúnú tionchair a rinneadh i gcomhthéacs thogra an chiste CNR ón gCoimisiún maidir le CAI 2028-2034, ina ndearnadh meastóireacht ar roghanna maidir le dearadh an phlean CNR, ag díriú ar dhá phríomhghné: an tsamhail seachadta, lena gcinntear an chaoi a n-eisíoctar cistí, agus an modh bainistíochta, lena rialaítear an chaoi a ndéantar caiteachas an Aontais a chur chun feidhme agus a mhaoirsiú.

Rinneadh meastóireacht sa mheasúnú tionchair ar roghanna chun an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) a chomhtháthú in aon phlean amháin.

Bheadh Rogha 1 (CBT lasmuigh de na Pleananna CNR) ag cur leis an saineolas a fuarthas ó na Pleananna Straitéiseacha CBT atá ann faoi láthair a chur chun feidhme. Leis an gcur chuige sin, d’áiritheofaí leanúnachas, d’fhéadfaí athruithe inbhainistithe a dhéanamh, agus shoiléireofaí freagrachtaí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.

Dá ndéanfaí CBT a chomhtháthú a thuilleadh, dhéanfaí simpliú breise agus sineirgí níos fearr maidir le cuspóirí an bheartais a bhaint amach agus d’áiritheofaí intuarthacht do thairbhithe.

Ar an taobh eile, le cur chuige aonchiste don CBT a bheidh ann amach anseo, agus tacaíocht spriocdhírithe á ceadú ag an am céanna, chuirfí teorainn leis an gcumas aghaidh a thabhairt ar riachtanais atá ag teacht chun cinn nó nach bhfuil súil leo agus ar thosaíochtaí athraitheacha. Chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht, áfach, d'fhéadfaí comhchuibhiú breise a dhéanamh ar phríomhghnéithe deartha beartais, amhail córais faireacháin, feidhmíochta agus iniúchóireachta, ar fud an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) a bheidh ann amach anseo. Chruthódh sé sin sineirgí i nósanna imeachta riaracháin, rud a laghdódh costais do na Ballstáit.

Os a choinne sin, léirítear sa mheasúnú tionchair go mbeadh gá le rialacha sonracha a thabhairt isteach chun CBT (Rogha 2b) a chomhtháthú go hiomlán chun sláine an mhargaidh aonair agus iomaíocht chóir i measc feirmeoirí a áirithiú, go háirithe i gcás ionstraimí a thacaíonn go díreach le hioncam feirme, amhail íocaíochtaí díreacha, atá ríthábhachtach do shlite beatha feirmeoirí.

De réir an mheasúnaithe tionchair, dá mbeadh plean amháin in aghaidh an Bhallstáit ann, d'áiritheofaí clársceidealú níos comhleanúnaí, rud a léireodh riachtanais náisiúnta agus réigiúnacha agus a thacódh le tosaíochtaí an Aontais an tráth céanna. Le himchlúdach aonair in aghaidh an Bhallstáit, d'fhéadfaí cistiú a leithdháileadh go héifeachtúil agus go solúbtha, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí acmhainní a ath-leithdháileadh go héasca chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí nó ar dhúshláin nua. Ar an iomlán, is é conclúid an mheasúnaithe tionchair go mbeadh tairbhí móra ag baint le raon feidhme níos leithne agus le cur chuige bainistíochta comhtháite, lena n-áirítear comhleanúnachas, simplíocht agus solúbthacht mhéadaithe.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Is tosaíocht uileghabhálach de chuid an Choimisiúin é simpliú agus é d'aidhm aige an t-ualach agus an chastacht a laghdú agus tús áite a thabhairt don luas agus don tsolúbthacht.

Tá an líon forálacha a bhaineann leis an gcomhbheartas talmhaíochta laghdaithe go mór, agus tá comhleanúnachas bainte amach idir na hairteagail ábhartha sa phlean CNR, sa Rialachán maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta agus i Rialachán Chomheagrú na Margaí. Ar an iomlán, laghdaítear an leibhéal mionsonraí agus an líon ceanglas agus cuirtear béim ar fhorálacha atá fíor-riachtanach d'fheidhmiú chreat dlíthiúil CBT. Ní hamháin go mbíonn laghdú ar an líon foriomlán forálacha mar thoradh air sin ach feabhsaíonn sé freisin cáilíocht fhoriomlán na reachtaíochta agus laghdaíonn sé a castacht, agus an tráth céanna cuireann sé níos mó solúbthachta ar fáil do na Ballstáit ionstraimí coiteanna CBT a chur in oiriúint dá riachtanais shonracha agus dá ndúshláin shonracha.

Trí idirghabhálacha ón struchtúr dhá chiste atá ann faoi láthair (CERT agus CETFT) a chomhtháthú, ailínítear leis an togra uirlisí le haghaidh cuspóirí iomaíochais, athléimneachta, nuálaíochta agus inbhuanaitheachta, rud a chuireann ar a gcumas oibriú go comhpháirteach i dtreo torthaí níos fearr. Ní hamháin go bhfeabhsaíonn an t-ailíniú sin éifeachtacht na tacaíochta atá ar fáil ach tugann sé níos mó solúbthachta agus simplithe don bhainistiú freisin, rud a fhágann ar deireadh idirghabhálacha níos éifeachtúla agus níos spriocdhírithe d'fheirmeoirí agus d'údaráis araon. Leis an tsolúbthacht mhéadaithe sin, tugtar deis do na Ballstáit na huirlisí le haghaidh thacaíocht CBT a dhearadh, a phleanáil agus a chur chun feidhme ar an mbealach is fearr chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha na hearnála.

Bainfear simpliú amach do thairbhithe, *inter alia*, tríd an méid seo a leanas:

- an choinníollacht a shimpliú (maoirseacht feirme). Laghdú ar an líon cineálacha idirghabhála (cumascadh go leor díobh e.g. éiciscéimeanna agus gealltanais agra-chomhshaoil-aeráide, laghdú mór ar scéimeanna in íocaíochtaí díreacha), díriú ar na cineálacha idirghabhála ar bhealach níos fearr, príomhcheanglais sa Rialachán amháin;
- níos mó cnapshuimeanna a thairiscint. Leis sin, beifear in ann nósanna imeachta iarratais simplithe a dhéanamh lena laghdófar an t-ualach ar thairbhithe agus ar riaracháin.

Is as na nithe seo a leanas a thagann an simpliú do na Ballstáit:

- Ciste aonair: gan aon riail chasta maidir le haistrithe, gan aon tacar rialacha ar leithligh le haghaidh gach ciste. Ualach an rialaithe a bhogadh ó ghníomhaireachtaí íocaíochta chuig comhlachtaí inniúla rialaithe náisiúnta atá ann cheana, rud a laghdaíonn na rioscaí a bhaineann le seiceálacha rialaithe iomadúla ar an bhfeirm;
- leis an togra, déantar amlínte le haghaidh íocaíochtaí a ailíniú freisin, rud a chuireann deireadh le dolúbthachtaí agus a áirithíonn íocaíochtaí tráthúla le feirmeoirí an tráth céanna, rud a fhágann gur féidir nasc níos dlúithe a bheith ann le cur chun feidhme iarbhír na n-idirghabhálacha.
- **Cearta bunúsacha**

Urramaítear leis an togra seo na cearta bunúsacha agus cloíonn sé leis na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, mar a leagtar síos sa togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán maidir leis an gCiste CNR. Beidh feidhm freisin ag forálacha an Rialacháin sin atá beartaithe maidir le hurraim do chearta bunúsacha agus don smacht reachta maidir leis an tacaíocht don chomhbheartas talmhaíochta.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Chun tairbhe a bhaint as pleanáil na comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí, áirítear an comhbheartas talmhaíochta sa chiste CNR sa togra ón gCoimisiún maidir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh 2028-2034 (cuir isteach tagairt). Tá cuid mhór den Chiste tiomnaithe do thacaíocht ioncaim don talmhaíocht, atá imfhálaithe le EUR 293.7 billiún ar a laghad ó leithdháiltí an Chiste, chun cobhsaíocht agus intuarthacht tacaíochta a chur ar fáil do thairbhithe.

Is féidir an cistiú sin a mhéadú laistigh de chiste CNR trí chlársceidealú sineirgeach gníomhaíochtaí a fhreastalaíonn ar níos mó ná cuspóir amháin, amhail an t-agrafhuinneamh, scileanna agus bonneagar sóisialta, uisce nó nascacht, gan ach cúpla sampla a thabhairt. Ina theannta sin, cuirfidh an Rialachán maidir leis an gCiste CNR cistiú ar fáil le haghaidh cur chun cinn táirgí talmhaíochta, idirghabhálacha géarchéime agus an líontáin sábhála aontachta (lena gcomhtháthaítear an cúlchiste talmhaíochta atá ann faoi láthair) faoin tSaoráid dar luach EUR 6.3 billiún, chomh maith leis an gcuid chistiúcháin den chúnamh teicniúil e.g. líonraí nó faireachán. .

Is féidir le cistiú don talmhaíocht tairbhiú de thionscadail faoin gCiste Eorpach um Iomaíochas agus leanúint de bheith ina dhlúthchuid den Chlár Réime Eorpach um Thaighde, faoina ndeiseanna don tSláinte, don Talmhaíocht agus don Bhithgheilleagar chun tacú le taighde agus nuálaíocht i réimse an bhia, na talmhaíochta, na forbartha tuaithe agus an bhithgheilleagair. Leis an gcomhcheangal sin, beifear in ann na huirlisí atá ar fáil faoi láthair a chaomhnú, lena n-úsáid ar bhealach barrfheabhsaithe.

Tá sonraí faoi thionchar airgeadais thogra an CBT leagtha amach sa ráiteas airgeadais a ghabhann leis an togra maidir leis an bplean CNR.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfar faireachán ar an tionscnamh seo tríd an gcreat feidhmíochta is infheidhme maidir le creat airgeadais ilbhliantúil 2028-2034, a leagtar amach sa togra le haghaidh Rialachán [Rialachán Feidhmíochta]. Déantar foráil sa chreat feidhmíochta maidir le tuarascáil cur chun feidhme le linn chéim cur chun feidhme an chláir, chomh maith le meastóireacht shiarghabhálach atá le déanamh i gcomhréir le hAirteagal 34(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509[1]. Déanfar an mheastóireacht i gcomhréir le Treoirlínte an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr agus beidh sí bunaithe ar tháscairí atá ábhartha do chuspóirí an Chiste.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Tá an togra seo mar chuid de phacáiste CMA 2028-2034, lena n-áirítear an Rialachán maidir leis an gCiste CNR agus Rialachán Feidhmíochta lena soláthraítear cistiú, an creat le haghaidh prionsabail chothrománacha, rialacha maidir le bainistiú an Chiste CNR, an creat airgeadais, rialacha ginearálta maidir le hábhar agus formheas na bPleananna CNR agus a rialachas, chomh maith leis an bpacáiste dearbhaithe, chomh maith leis an gcreat feidhmíochta agus an creat faireacháin.

Comhlánaíonn an togra seo na rialacha ginearálta sin le rialacha sonracha a bhfuil feidhm acu maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta agus leis an gcaibidil Talmhaíochta de Phleananna CNR.

Tá an togra comhlántach freisin leis na rialacha a leagtar amach sa Rialachán atá beartaithe lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013[2], lena ndéanfar foráil maidir le rialacha i dtaca le hidirghabhálacha in earnálacha áirithe agus sna scéimeanna scoile.

**An Rialachán maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta:**

Déantar foráil in Airteagail 1 agus 2 maidir leis an raon feidhme, moltaí náisiúnta CBT atá le glacadh agus le stiúradh. Leagtar amach in Airteagail 3 agus 4 gnéithe d'ailtireacht chomhshaoil, aeráide agus shóisialta CBT, lena n-áirítear réimsí tosaíochta comhshaoil agus aeráide. In Airteagal 5 liostaítear idirghabhálacha uile CBT agus leagtar amach forálacha maidir le hidirghabhálacha tacaíochta ioncaim. In Airteagal 6 go Airteagal 20, leagtar amach ceanglais maidir le hidirghabhálacha CBT chomh maith le forálacha maidir le spriocdhíriú.

---

1 Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

2 Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 (IO L 347, 20.12.2013 lgh. 671-854), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

Sonraítear in Airteagal 15 agus in Airteagal 16 forálacha a bhaineann le hathnuachan ó ghlúin go glúin, lena ndéantar foráil maidir leis an bpacáiste tosaigh d'fheirmeoirí óga, arb é atá ann sraith chuimsitheach idirghabhálacha atá dírithe ar fheirmeoirí óga lena n-éascaítear teacht isteach agus bunú feirmeoirí in earnáil na talmhaíochta. Cumhdaítear le hAirteagail 18, 19, 20 idirghabhálacha eile faoi CBT arna gcistiú ó na leithdháiltí do Phleananna CNR. Bunaítear leis cineálacha idirghabhála le haghaidh comhair, LEADER, tacaíocht do chomhroinnt eolais agus nuálaíocht sa talmhaíocht, san fhoraoiseacht agus i gceantair thuaithe agus bunaítear gníomhaíochtaí eile le haghaidh CBT.

Leagtar amach in Airteagal 21 rialachas sonraí CBT, lena n-áirítear forálacha maidir le húdarás atá i gceannas ar rialachas sonraí faoi CBT.

Tá forálacha ginearálta agus críochnaitheacha in Airteagail 22 go 25, lena n-áirítear tarmligean cumhachta chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh agus cumhachtaí cur chun feidhme don Choimisiún bearta a ghlacadh chun maolú ar an Rialachán seo chun fadhbanna sonracha a réiteach i gcásanna éigeandála a bhfuil údar cuí leo, nós imeachta Coiste agus forálacha críochnaitheacha.

2025/0241 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena mbunaítear na coinníollacha maidir le tacaíocht ón Aontas a chur chun feidhme don Chomhbheartas Talmhaíochta don tréimhse ó 2028 go 2034

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais 1979, agus go háirithe mír 6 de Phrótacal Uimh. 4 maidir le cadás atá ag gabháil leis,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iniúchóirí[3],

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[4],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[5],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2025 dar teideal ‘Fís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia’[6], fógraítear leis an gcomhbheartas talmhaíochta (‘CBT’) tar éis 2027 go gcuirtear feabhas ar fhreagracht agus ar chuntasacht do na Ballstáit maidir leis an gcaoi a gcomhlíonann siad cuspóirí CBT, maidir le tacú le hioncaim feirmeoirí agus iad a chobhsú agus maidir le glúin feirmeoirí amach anseo a mhealladh, agus slándáil bia a ráthú. Beidh CBT nua ina chomhbheartas de chuid an Aontais a bheidh níos simplí agus níos spriocdhírithe, le níos mó solúbthachta d’fheirmeoirí agus le haistriú ó cheanglais go dreasachtaí, d’fheirmeoirí.

(2) Áirítear sa phacáiste reachtach maidir le creat airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2028 go 2034 Rialachán (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [*CNR*] lena mbunaítear an Ciste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnach (an ‘Ciste’) le haghaidh na tréimhse 2028 go 2034, lena ngrúpáiltear na cistí a réamh-leithdháileadh go náisiúnta faoin gCiste, lena n-áirítear an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) a bhunaítear faoi Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus

[3] IO C , , lch. .
[4] IO C , , lch. .
[5] IO C , , lch. .
[6] TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN: Fís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia: Earnáil tharraingteach feirmeoireachta agus agraibhia a mhúnlú le chéile le haghaidh na nglúnta atá le teacht, COM(2025)75 final; https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:52025DC0075.

ón gComhairle[7] agus Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8]. Ba cheart an Ciste a chur chun feidhme trí Phleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí ('Pleananna CNR') agus trí Shaoráid an Aontais, arb é is aidhm dóibh solúbthacht a mhéadú agus freastal ar ghéarchéimeanna agus ar idirghabhálacha a éilíonn stiúradh nó comhordú ar leibhéal an Aontais. Cuirfear an tacaíocht sin ón Aontas le haghaidh CBT ar fáil faoin gCiste, i gcomhréir leis na rialacha lena rialaítear an Ciste sin a leagtar amach i Rialachán (AE).../... [*CNR*].

(3) Maidir le talmhaíocht, cuspóir ginearálta an Chiste dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (c), de Rialachán (AE).../... meabhraíonn [*CNR*] na cuspóirí a bhunaítear in Airteagal 39 CFAE. Rannchuidíonn cuspóirí sonracha CBT go díreach le cáilíocht saoil an Aontais a chothú agus tá siad le cur chun feidhme ag na Ballstáit trína bPleananna CNR.

(4) Chun a áirithiú go dtabharfaidh an tAontas aghaidh go leordhóthanach ar na dúshláin is práinní d'earnáil na talmhaíochta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le sásra stiúrtha lena léireofar treoshuíomhanna na Físe le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia maidir le beartas spriocdhírithe. Chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo earnáil talmhaíochta iomaíoch, athléimneach agus inbhuanaithe, i gcomhréir le toradh na gcomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara, ba cheart do mholtaí náisiúnta CBT leibhéal leordhóthanach stiúrtha beartais a chur ar fáil ar leibhéal an Aontais, chun treoir a thabhairt do na Ballstáit maidir le dearadh a bPleananna CNR maidir leis an talmhaíocht, agus na hidirghabhálacha ábhartha á sainiú ar bhonn a ndúshlán agus a riachtanas sonrach.

(5) Chun cothrom iomaíochta agus creat comhchoiteann a áirithiú le haghaidh tacaíocht d'earnáil talmhaíochta an Aontais, ba cheart do na Ballstáit eilimintí an chreata a shainiú agus aird á tabhairt ar shainiúlachtaí agus riachtanais áitiúla agus cuspóirí CBT á gcur san áireamh, agus ba cheart don Aontas an creat comhchoiteann a chur ar fáil le haghaidh beartas a thacaíonn leo siúd is mó a bhfuil sé ag teastáil uathu.

(6) Léirigh CBT tionchar dearfach ar athnuachan ó ghlúin go glúin sa talmhaíocht, ach tá bacainní fós ann, go háirithe a mhéid a bhaineann le bonneagar bunúsach agus seirbhísí bunúsacha a chur ar fáil i gceantair thuaithe, rochtain ar thalamh agus líontán sábhála sóisialta d'fheirmeoirí óga agus d'fheirmeoirí atá ag dul ar scor. Chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha feirmeoirí óga agus iontrálaithe nua, ba cheart a cheangal ar gach Ballstát straitéis le haghaidh athnuachan ó ghlúin go glúin a leagan síos sa Phlean CNR, ar straitéis í ba cheart a bheith bunaithe ar an measúnú ar an gcomhthéacs náisiúnta sonrach, i gcomhréir le Fís an Choimisiúin le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia, lena dtugtar tús áite d'inbhuanaitheacht fhadtéarmach agus do tharraingteacht earnáil feirmeoireachta agus agraibhia an Aontais. Ba cheart do na Ballstáit 'pacáiste tosaigh' cuimsitheach a fhorbairt d'fheirmeoirí óga, a

---

7 Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2115/oj).

8 Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 187, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2116/oj).

cheapfar chun iontráil agus bunú feirmeoirí óga san earnáil a éascú, lena n-áirítear pacáiste cuimsitheach idirghabhálacha atá dírithe ar fheirmeoirí óga.

(7) I gcomhréir leis an gcuspóir cothromaíocht níos fearr a bhaint amach idir dreasachtaí agus ceanglais, ba cheart do na Ballstáit tacaíocht a dhíriú, trína bPleananna CNR ar thosaíochtaí CBT, atá bunriachtanach d'inbhuanaitheacht fhadtéarmach na talmhaíochta. Ba cheart do CBT tar éis 2027 dlús a chur leis an aistriú i dtreo modhanna táirgthe níos inbhuanaithe, rud a rannchuideodh leis an gcuspóir aeráidneodrachta faoi 2050. Ba cheart don CBT nua luach saothair níos fearr a chur ar fáil as seirbhísí éiceachórais níos uaillmhianaí a sholáthar a théann níos faide ná na torthaí a bhaintear amach trí cheanglais shainordaitheacha. Le CBT nua, ba cheart cothromaíocht nua a bhaint amach idir maoirseacht feirme le sraith ceanglas sainordaitheach, agus gníomhaíochtaí agra-chomhshaoil agus aeráide a thacaíonn le gealltanais a théann chun tairbhe don chomhshaol, don aeráid agus do leas ainmhithe agus le haistriú i dtreo córais táirgthe níos athléimní.

(8) Ba cheart an mhaoirseacht feirme a bhunú chun a ráthú go gcomhlíonfaidh tacaíocht CBT an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9]. Ba cheart íoscheanglais coinníollachta comhshaoil agus sóisialta a bheith sa mhaoirseacht feirme, chomh maith le cleachtais chosanta arna gceapadh ag na Ballstáit chun príomhchuspóirí a bhaint amach amhail ithreacha agus cúrsaí abhann a chosaint ar thruailliú. Ba cheart an tsolúbthacht a bheith ag na Ballstáit na cleachtais chosanta sin a chur in oiriúint dá gcomhthéacs sonrach geografach agus aeráide agus dá gcórais shonracha táirgthe, lena n-áirítear trí dhíolúintí a bhunú. Chun talmhaíocht atá inbhuanaithe go sóisialta a chur chun cinn, ceanglaítear le híocaíochtaí áirithe CBT go gcomhlíonfar caighdeáin maidir le dálaí oibre agus fostaíochta, sábháilteacht agus sláinte ceirde. Ba cheart an Chairt Eorpach agus creataí náisiúnta agus samhlacha éagsúla sa mhargadh saothair a urramú, níor cheart aon oibleagáid bhreise a fhorchur ar chomhpháirtithe sóisialta ná ar na Ballstáit maidir le forfheidhmiú nó rialuithe agus ceartúcháin dhúbailte a sheachaint.

(9) Ba cheart go leanfadh tacaíocht ioncaim d'fheirmeoirí de bheith ina hionstraim beartais lárnach chun ioncam cothrom a ráthú d'fheirmeoirí agus d'fheirmeoireacht inbhuanaithe agus do tháirgeadh bia. Ba cheart di rannchuidiú le hearnáil talmhaíochta iomaíoch athléimneach a chothú a shaothraíonn na tairbhí a bhaineann le táirgeadh ardcháilíochta agus le héifeachtúlacht acmhainní, agus athnuachan ó ghlúin go glúin agus, ar an gcaoi sin, slándáil fhadtéarmach bia á n-áirithiú an tráth céanna. Ba cheart leithdháiltí tacaíochta ioncaim a imfhálú le húsáid le haghaidh tacaíocht ioncaim d'fheirmeoirí amháin, chun cobhsaíocht agus intuarthacht a chur ar fáil d'earnáil talmhaíochta an Aontais. Chun ardtionchar agus éifeachtúlacht a áirithiú, ba cheart bosca uirlisí cuíchóirithe agus comhsheasmhach de chineálacha idirghabhála tacaíochta ioncaim a bheith i gceist le CBT nua lena gcuirfear ar chumas na mBallstát cuspóirí CBT a bhaint amach.

(10) Ós rud é gur gá an tacaíocht a dhíriú orthu siúd is mó atá i ngátar, níor cheart do na Ballstáit an tacaíocht ioncaim chéimlaghdaitheach limistéarbhunaithe a íoc ach amháin leis na daoine sin arb í an talmhaíocht a bpríomhghníomhaíocht, agus a áirithiú an

---

[9] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

tráth céanna nach n-eisiafar feirmeoirí beaga agus ilghníomhacha atá ag gabháil d'íosleibhéal gníomhaíochta talmhaíochta ar a laghad.

(11) Agus aitheantas á thabhairt don ghá atá le hathléimneacht feirme agus bainistiú riosca, ba cheart tacaíocht a thabhairt chun feabhas a chur ar chumas feirmeoirí rioscaí agus géarchéimeanna atá ag dul i méid a sheasamh, amhail na rioscaí agus na géarchéimeanna sin a bhaineann leis an athrú aeráide nó le héagobhsaíocht an mhargaidh, chun cur ar chumas feirmeoirí páirt a ghlacadh in uirlisí bainistithe riosca, lena n-áirítear tacaíocht do phréimheanna árachais agus ranníocaíochtaí le cistí frithpháirteacha sna Ballstáit uile. Ba cheart cur chuige réamhghníomhach maidir le bainistiú riosca lena dtreisítear athléimneacht na hearnála a chur chun cinn trí uasrátaí tacaíochta iomchuí a shocrú, le dreasachtaí d'fheirmeoirí a chuireann bearta coisctheacha riosca chun feidhme.

(12) Ba cheart cuspóirí CBT a shaothrú freisin trí thacaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí arna gcur chun feidhme ag feirmeoirí agus sealbhóirí foraoise. Féadfaidh infheistíochtaí den sórt sin a bheith bainteach, *inter alia*, le bonneagair a bhaineann le forbairt, nuachóiriú nó oiriúnú don athrú aeráide a bhaineann leis an talmhaíocht agus an fhoraoiseacht, cleachtais agrafhoraoiseachta, fuinneamh agus uisce, suiteáil teicneolaíochtaí digiteacha sa talmhaíocht, feirmeoireacht bheacht, éagsúlú foinsí ioncaim i ngníomhaíochtaí eile amhail an agrathurasóireacht agus an bithgheilleagar. Ba cheart a bheith in ann freisin tacú le hinfheistíochtaí chun acmhainn táirgthe talmhaíochta nó foraoiseachta a athbhunú tar éis tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha, lena n-áirítear dóiteáin, stoirmeacha, tuilte, lotnaidí agus galair.

(13) Agus é á aithint gur gá d'fheirmeoirí cothromaíocht a bhaint amach idir na dualgais ghairmiúla agus freagrachtaí pearsanta agus teaghlaigh, ba cheart a bheith in ann tacaíocht a chur ar fáil do sheirbhísí faoisimh feirme lena n-éascófar feirmeoirí a ionadú le linn saoire breoiteachta, iompar clainne, saoire nó i gcás rannpháirtíochta oiliúna. Ba cheart go bhféadfaí tacú le bunú na seirbhísí sin chomh maith le pá d'oibrithe sealadacha a thagann in ionad an fheirmeora.

(14) Chun aistriú sóisialta, eacnamaíoch, comhshaoil agus digiteach a chothú i gceantair thuaithe, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go dtacófar le LEADER. Ba cheart a bheith in ann tacaíocht a chur ar fáil faoi Phleananna CNR do scéimeanna cáilíochta agus do ghníomhaíochtaí cur chun cinn, don slabhra soláthair gairid agus d'fhorbairt an mhargaidh áitiúil.

(15) I gcomhréir leis an ngá atá le borradh a chur faoin nuálaíocht agus faoi chleachtais níos inbhuanaithe, ba cheart an Chomhpháirtíocht Eorpach um Nuálaíocht maidir le táirgiúlacht agus inbhuanaitheacht talmhaíochta ('CEN-AGRI') a bheith ina príomhuirlis bheartais i gcónaí, chun tacú le nuálaíocht idirghníomhach, lena bhfeabhsófar an malartú eolais idir gníomhaithe d'fhonn réitigh atá réidh don chleachtas a scaipeadh[10]. Le sineirgí idir CBT agus Clár Réime an Aontais um Thaighde (FP10), a bunaíodh le Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ba cheart an talmhaíocht a spreagadh chun an úsáid is fearr a bhaint as torthaí taighde agus nuálaíochta, go háirithe na torthaí sin a thagann as tionscadail arna gcistiú le FP10 agus CEN-AGRI, as a dtiocfaidh nuálaíochtaí san earnáil feirmeoireachta agus san earnáil bithgheilleagair agus sna ceantair thuaithe.

---

10 TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir leis an gComhpháirtíocht Eorpach um Nuálaíocht 'Táirgiúlacht agus Inbhuanaitheacht Talmhaíochta', COM(2012) 79 final.

(16) D'fhéadfadh tairbhí móra a bheith ag baint le feabhas a chur ar idir-inoibritheacht idir córais faisnéise talmhaíochta poiblí ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear ualach laghdaithe maidir le bailiú sonraí, éifeachtúlacht fheabhsaithe, agus faireachán feabhsaithe ar bheartais. Agus an aidhm sin á saothrú acu, ba cheart do na Ballstáit an prionsabal 'bailigh uair amháin, úsáid níos mó ná uair amháin' a ghlacadh chun an t-ualach tuairiscithe a laghdú. Trí údarás aonair a ainmniú chun iarrachtaí idir-inoibritheachta a chomhordú agus infheistíocht a dhéanamh in aitheantais uathúla feirme, i dTiachóg Aitheantais an Aontais dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11], agus i mbonneagar comhroinnte sonraí, is féidir an t-ualach riaracháin a laghdú, oibleagáidí tuairiscithe a chuíchóiriú, agus feirmeoirí a chumhachtú laistigh den slabhra luacha sonraí, rud a thacóidh ar deireadh le spriocanna CBT.

(17) Chun na heilimintí neamhriachtanacha den Rialachán sin a fhorlíonadh, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE. Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, ba cheart cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán sin a fhorlíonadh le bearta lena n-áiritheofar go gcuirfidh na Ballstáit chun feidhme idir-inoibritheacht agus malartú rianúil sonraí idir córais faisnéise a úsáidtear chun CBT a chur chun feidhme, chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh air.

(18) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán sin a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun an Treochlár a leagan amach chun idir-inoibritheacht idir córais faisnéise a bhaint amach agus a choinneáil ar bun.

(19) Ba cheart an Coimisiún a chumhachtú gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh más rud é, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo a bhaineann le fadhbanna sonracha a réiteach agus san am céanna leanúnachas na tacaíochta ioncaim a áirithiú, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne. Thairis sin, ba cheart an Coimisiún a chumhachtú gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh, i gcás ina ndéanann imthosca urghnácha difear, in imthosca a bhfuil údar cuí leo, do thacaíocht a chur ar fáil agus i gcás ina gcuireann siad cur chun feidhme éifeachtach na n-idirghabhálacha a liostaítear sa Rialachán seo i mbaol.

(20) Chun cur chun feidhme rianúil an bhirt a bheartaítear a áirithiú agus mar ábhar práinne, ba cheart don Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

***Ábhar***

Chun comhbheartas talmhaíochta láidir, inbhuanaithe agus athléimneach, slándáil bia an Aontais, athnuachan ó ghlúin go glúin agus ceantair thuaithe bhríomhara a áirithiú, leagtar síos leis an Rialachán seo coinníollacha sonracha maidir le tacaíocht ón Aontas don chomhbheartas talmhaíochta (CBT) a chur chun feidhme i gcomhréir leis an gcuspóir ginearálta a leagtar síos in Airteagal 2, pointe (c), de Rialachán (AE) [...] [CNR].

---

11 Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lgh. 73–114, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/910/oj.

Cuirfear an tacaíocht sin ón Aontas ar fáil faoin gCiste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí (‘an Ciste’) i gcomhréir leis na rialacha lena rialaítear an Ciste sin a leagtar síos i Rialachán (AE) [...] [CNR].

*Airteagal 2*
***Moltaí náisiúnta CBT agus stiúradh***

1. Glacfaidh an Coimisiún moltaí náisiúnta CBT lena dtabharfar treoraíocht do gach Ballstát maidir le cur chun feidhme na gcuspóirí sonracha atá ábhartha do CBT a leagtar amach in Airteagal 3, pointe (d), de Rialachán (AE) [...] [CNR], laistigh dá bPleananna CNR i gcomhréir le hAirteagal 22 den Rialachán sin sula gcuirfidh na Ballstáit Pleananna CNR isteach. Beidh moltaí náisiúnta CBT bunaithe ar an méid seo a leanas:

   (a) rannchuidiú le hioncam cothrom leordhóthanach d’fheirmeoirí agus a n-iomaíochas fadtéarmach, lena n-áirítear áit na bhfeirmeoirí sa slabhra luacha;

   (b) feabhas a chur ar tharraingteacht na gairme agus athnuachan ó ghlúin go glúin a chothú;

   (c) feabhas a chur ar ghníomhú ar son na haeráide, soláthar seirbhísí éiceachórais, réitigh chiorclacha, caomhnú na bithéagsúlachta agus acmhainní nádúrtha, feirmeoireacht inbhuanaithe agus feabhas a chur ar leas ainmhithe;

   (d) feabhas a chur ar athléimneacht, ar ullmhacht feirmeoirí agus ar a gcumas dul i ngleic le géarchéimeanna agus rioscaí;

   (e) feabhas a chur ar an rochtain ar eolas agus dlús a chur leis an nuálaíocht agus leis an aistriú digiteach d’earnáil agraibhia rathúil.

   Féadfaidh an Coimisiún moltaí náisiúnta CBT a thabhairt cothrom le dáta, de réir mar is iomchuí.

2. Bunóidh an Coimisiún moltaí náisiúnta CBT ar anailís ar staid na hearnála talmhaíochta agus na gceantar tuaithe, lena n-áirítear tosca déimeagrafacha, saintréithe struchtúracha agus críochacha chomh maith le slándáil bia i ngach Ballstát.

3. I moltaí náisiúnta CBT, sainaithneoidh an Coimisiún go háirithe na príomhdhúshláin nach mór do gach Ballstát aghaidh a thabhairt orthu ina bPlean CNR, ar bhonn na gcuspóirí sonracha a bhaineann le CBT a leagtar amach in Airteagal 3, pointe (d), de Rialachán (AE) [...] [CNR].

*Airteagal 3*
***Maoirseacht feirme***

1. Is éard a bheidh i maoirseacht feirme ceanglais reachtúla bhainistíochta a liostaítear in Iarscríbhinn I, Cuid A [*Iarscríbhinn le CRBanna*], cleachtais chosanta arna sainiú ag na Ballstáit sa Phlean CNR i gcomhréir le mír 4 den Airteagal seo agus Iarscríbhinn I, Cuid C, agus an córas coinníollachta sóisialta ina gcuimsítear na ceanglais reachtúla bhainistíochta a liostaítear i gCuid B d’Iarscríbhinn I.

2. Íocaíochtaí faoi idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointí (a) go (f), agus pointí (o) agus (p), a mhéid a bhaineann siad le tacaíocht do tháirgí talmhaíochta áitiúla, beidh siad faoi réir comhlíonadh córais ceanglas reachtúil bainistíochta agus cleachtas cosanta dá ngairtear ‘maoirseacht feirme’ le chéile.

Tá liosta na gceanglas reachtúil bainistíochta agus cuspóirí na gcleachtas cosanta leagtha amach in Iarscríbhinn I.

Mar sin féin, ní bheidh feidhm ag na coinníollacha maoirseachta feirme a liostaítear i gCodanna A agus C d'Iarscríbhinn I maidir le feirmeoirí a fhaigheann tacaíocht faoi Airteagal 5(1), pointe (g).

3. Measfar go gcomhlíonann tacaíocht atá faoi réir na gcoinníollacha maoirseachta feirme an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' i gcomhréir le hAirteagal 33(2), pointe (d), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

Chun críocha an Airteagail sin, is é a chiallaíonn 'ceanglas reachtúil bainistíochta' gach ceanglas aonair a liostaítear i gCodanna A agus B d'Iarscríbhinn I, a leagtar amach laistigh de ghníomh dlí ar leith a liostaítear i gCodanna A agus B d'Iarscríbhinn I, agus atá éagsúil ó thaobh substainte de le haon cheanglas eile sa ghníomh céanna.

Na gníomhartha dlíthiúla a liostaítear in Iarscríbhinn I maidir leis na ceanglais reachtúla bhainistíochta, beidh feidhm ag an leagan sin díobh is infheidhme agus, i gcás Treoracha, faoi mar atá siad á gcur chun feidhme ag na Ballstáit. Ní fhéadfaidh sé a bheith de chuspóir ná d'éifeacht ag gníomhartha cur chun feidhme, áfach, feirmeoirí ná tairbhithe eile a dhíolmhú ó na ceanglais reachtúla bhainistíochta a liostaítear i gCodanna A agus B d'Iarscríbhinn I.

4. Saineoidh na Ballstáit, i gcomhréir le Cuid C d'Iarscríbhinn I, ar leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, cleachtais chosanta atá le hurramú ag feirmeoirí agus tairbhithe eile a fhaigheann an tacaíocht dá dtagraítear i mír 2, chun na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

   (a) ithreacha ar mhórán carbóin, gnéithe tírdhreacha agus féarthailte buana a chosaint ar limistéar talmhaíochta;

   (b) ithir a chosaint ar chreimeadh, acmhainn na hithreach a chaomhnú, ábhar orgánach san ithir a chothabháil, lena n-áirítear trí uainíocht na mbarr nó éagsúlú, chomh maith le cosaint ar choinleach a dhó ar thalamh arúil;

   (c) uiscebhealaí agus screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar rith chun srutha.

5. Áireoidh na Ballstáit sa Phlean CNR tuairisc ar na cleachtais chosanta a shainítear do gach ceann de na cuspóirí a leagtar amach i mír 4 lena n-áirítear a raon feidhme críochach, feirmeoirí agus tairbhithe eile faoi réir an chleachtais agus achoimre ar an gcleachtas cosanta. Agus na cleachtais chosanta á socrú acu, tabharfaidh na Ballstáit lánaird ar mholtaí náisiúnta CBT dá dtagraítear in Airteagal 2. Cuirfidh na Ballstáit na cleachtais chosanta in oiriúint do chórais éagsúla bainistíochta talún agus do dhálaí éagsúla comhshaoil agus aeráide ina gcríoch.

6. Feirmeoirí a bhfuil a ngabháltas iomlán deimhnithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12], measfar go gcomhlíonann siad na cleachtais chosanta a leagtar amach i bPleananna CNR i ndáil leis na cuspóirí a leagtar amach i mír 4, pointí (b) agus (c).

---

12 Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/848/oj).

7. Agus na cleachtais chosanta dá dtagraítear i mír 4 á socrú acu, féadfaidh na Ballstáit díolúintí sonracha ó na cleachtais chosanta sin a bhunú ina bPlean CNR bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha, amhail barra, cineálacha ithreach agus córais feirmeoireachta nó damáiste d'fhéarthailte buana mar gheall, *inter alia*, ar ainmhithe fiáine nó speicis ionracha. Beidh na díolúintí sonracha sin teoranta i dtéarmaí a gcumhdaigh limistéir, ní bhunófar iad ach amháin i gcás, agus a mhéid is gá, chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna sonracha a bhaineann le cur i bhfeidhm na gcleachtas sin agus ní chuirfidh siad isteach ar na cuspóirí a leagtar amach i mír 4 ná ní dhéanfaidh siad iomaíocht a shaobhadh.

8. Féadfaidh na Ballstáit maoluithe sealadacha ó chleachtais chosanta a dheonú, i gcás ina gcuireann dálaí aimsire cosc ar fheirmeoirí agus ar thairbhithe eile na cleachtais sin a chur chun feidhme nó i gcás ina gcuirfeadh cur chun feidhme na gcleachtas cosanta sin isteach ar na cuspóirí a leagtar amach i mír 4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh raon feidhme agus ré na maoluithe sealadacha teoranta a mhéid is gá, go ndeonófar iad bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha agus nach gcuirfidh siad isteach ar na cuspóirí a leagtar amach i mír 4 ná nach ndéanfaidh siad an iomaíocht a shaobhadh.

9. Féadfaidh na Ballstáit aitheantas a thabhairt do na cleachtais bhainistíochta faoi ghníomhaíochtaí agra-chomhshaoil agus aeráide dá dtagraítear in Airteagal 10(1), pointe (a), a rannchuidíonn leis na cuspóirí a leagtar amach i mír 4 den Airteagal seo ar bhealach atá coibhéiseach leis na cleachtais chosanta ábhartha a bhunaítear sa Phlean CNR de bhun na míre sin. Féadfaidh na Ballstáit a mheas go gcomhlíonann feirmeoirí agus tairbhithe eile a gheallann na cleachtais choibhéiseacha sin a chur chun feidhme an cleachtas cosanta ábhartha.

*Airteagal 4*

***Réimsí tosaíochta comhshaoil agus aeráide***

1. Cuirfidh na Ballstáit tacaíocht ar fáil d'fheirmeoirí agus do thairbhithe eile i ngach ceann ar a laghad de na réimsí tosaíochta comhshaoil agus aeráide seo a leanas:

   (a) oiriúnú don athrú aeráide agus athléimneacht uisce;

   (b) maolú ar an athrú aeráide lena n-áirítear aistrithe carbóin agus táirgeadh fuinnimh in-athnuaite ar an bhfeirm, lena n-áirítear táirgeadh bithgháis;

   (c) sláinte ithreach;

   (d) bithéagsúlacht a chaomhnú, amhail gnáthóga nó speicis a chaomhnú, gnéithe tírdhreacha, úsáid lotnaidicídí a laghdú;

   (e) forbairt na feirmeoireachta orgánaí;

   (f) sláinte agus leas ainmhithe.

   Na Ballstáit a bhfuil limistéir acu a bhfuil tionchar ag truailliú uisce orthu mar gheall ar bharrachas níotráite, cuirfidh siad tacaíocht ar fáil d'fheirmeoirí chun na córais bheostoic a leathnú nó chun gníomhaíochtaí talmhaíochta eile a éagsúlú.

2. I gcás gach ceann de na réimsí tosaíochta dá dtagraítear i mír 1, cuirfear tacaíocht ar fáil faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagail 9, 10 agus 13.

*Airteagal 5*
***Cineálacha tacaíochta***

1. Leagtar amach na hidirghabhálacha CBT seo a leanas:

(a) tacaíocht ioncaim chéimlaghdaitheach limistéarbhunaithe;

(b) tacaíocht ioncaim chúpláilte;

(c) íocaíocht i leith barr sonrach do chadás;

(d) íocaíocht i leith srianta nádúrtha agus srianta eile a bhaineann go sonrach le limistéar;

(e) tacaíocht do mhíbhuntáistí a thagann as ceanglais shainordaitheacha áirithe;

(f) gníomhaíochtaí agra-chomhshaoil agus aeráide;

(g) íocaíocht d'fheirmeoirí beaga;

(h) tacaíocht le haghaidh uirlisí bainistithe riosca;

(i) tacaíocht d'infheistíochtaí d'fheirmeoirí agus do shealbhóirí foraoise;

(j) tacaíocht chun cuidiú le feirmeoirí óga, feirmeoirí nua, gnólachtaí tuaithe agus gnólachtaí nuathionscanta a chur ar bun agus feirmeacha beaga a fhorbairt;

(k) tacaíocht do sheirbhísí faoisimh feirme;

(l) LEADER;

(m) tacaíocht do chomhroinnt eolais agus nuálaíocht sa talmhaíocht, san fhoraoiseacht, agus i gceantair thuaithe;

(n) tionscnaimh chomhair chríochacha agus áitiúla;

(o) idirghabhálacha sna réigiúin is forimeallaí;

(p) idirghabhálacha sna hoileáin bheaga Aeigéacha;

(q) Scéim scoile an Aontais dá dtagraítear i dTeideal I, Cuid II, Caibidil IIa de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13];

(r) idirghabhálacha in earnálacha áirithe dá dtagraítear i dTeideal I, Cuid II, Caibidil IIa, de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013;

(s) íocaíochtaí géarchéime d'fheirmeoirí.

2. Idirghabhálacha dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) go (k), agus idirghabhálacha in earnálacha áirithe dá dtagraítear i dTeideal I, Cuid II, Caibidil IIa, de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, is éard a bheidh iontu idirghabhálacha tacaíochta ioncaim atá le maoiniú as an gCiste i gcomhréir le hAirteagal 10(2), pointe (a), an dara fomhír, de Rialachán (AE) [...] [CNR].

3. Ní bheidh táirgeadh cineálacha cnáibe ina bhfuil cion Teitrihidreacannaibionóil (THC) is mó ná 0.3 % incháilithe do thacaíocht faoin Rialachán seo.

---

[13] Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 (IO L 347, 20.12.2013 lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj).

*Airteagal 6*

***Tacaíocht ioncaim chéimlaghdaitheach limistéarbhunaithe***

1. Cuirfidh na Ballstáit tacaíocht ioncaim limistéarbhunaithe le haghaidh heicteáir incháilithe ar fáil d'fheirmeoirí chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais ioncaim.

2. Déanfar an íocaíocht in aghaidh an heicteáir incháilithe a dhifreáil de réir grúpaí feirmeoirí nó limistéir gheografacha, ar bhonn critéir oibiachtúla, neamh-idirdhealaitheacha. Beidh na grúpaí feirmeoirí nó na limistéir gheografacha atá mar bhonn do dhifreáil na n-íocaíochtaí bunaithe ar ioncam feirmeoirí ó ghníomhaíocht talmhaíochta i dtréimhse thagartha ionadaíoch.

   Agus idirdhealú á dhéanamh idir na híocaíochtaí, díreoidh na Ballstáit an tacaíocht ar na feirmeoirí is mó atá i ngátar, go háirithe ar fheirmeoirí óga agus nua, ar mhná, ar fheirmeoirí teaghlaigh nó ar fheirmeoirí beaga, ar fheirmeoirí a bhfuil táirgeadh barr agus beostoic le chéile acu nó ar fheirmeoirí i limistéir ina bhfuil srianta nádúrtha nó srianta eile a bhaineann go sonrach le limistéar arna gcinneadh i gcomhréir le hAirteagal 8.

   Féadfaidh difreáil na n-íocaíochtaí a bheith i bhfoirm íocaíochtaí cnapshuime bliantúla a chuirtear in ionad na tacaíochta ioncaim limistéarbhunaithe go hiomlán nó i bpáirt in aghaidh an heicteáir incháilithe. Méadóidh na Ballstáit an tacaíocht in aghaidh an heicteáir incháilithe a dheonaítear d'fheirmeoirí óga.

3. Beidh méid iomlán na n-íocaíochtaí in aghaidh an fheirmeora a bhunófar i gcomhréir le mír 2 céimlaghdaitheach i gcomhréir leis na rialacha seo a leanas:

   (a) Déanfaidh na Ballstáit méid bliantúil na tacaíochta ioncaim limistéarbhunaithe os cionn EUR 20 000 agus atá le deonú d'fheirmeoir a laghdú 25 % i gcás ina mbeidh méid na tacaíochta ioncaim limistéarbhunaithe a dheonaítear d'fheirmeoir idir EUR 20 000 agus EUR 50 000;

   (b) Déanfaidh na Ballstáit méid bliantúil na tacaíochta ioncaim limistéarbhunaithe os cionn EUR 50 000 agus atá le deonú d'fheirmeoir a laghdú 50 % i gcás inar mó méid na tacaíochta ioncaim limistéarbhunaithe a deonaíodh d'fheirmeoir ná EUR 50 000 agus nach mó ná EUR 75 000 é;

   (c) Déanfaidh na Ballstáit méid bliantúil na tacaíochta ioncaim limistéarbhunaithe os cionn EUR 75 000 agus atá le deonú d'fheirmeoir a laghdú 75 % i gcás ina mbeidh méid na tacaíochta ioncaim limistéarbhunaithe a dheonaítear d'fheirmeoir níos mó ná EUR 75 000.

4. Ní bheidh méid iomlán na tacaíochta ioncaim limistéarbhunaithe os cionn uasmhéid EUR 100 000 in aghaidh an fheirmeora in aghaidh na bliana. I gcás duine dlítheanach nó grúpaí daoine dlítheanacha, cumhdófar leis an uasteorannú na gabháltais uile atá faoi rialú duine dlítheanach nó nádúrtha amháin.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an tacaíocht faoin Airteagal seo dírithe go príomha ar fheirmeoirí a dhéanann gníomhaíocht talmhaíochta ar a ngabháltas agus a rannchuidíonn go gníomhach le slándáil bia. Measfar gur feirmeoirí freisin iad feirmeoirí beaga, arb í an talmhaíocht a bpríomhghníomhaíocht, ach a bhíonn ag gabháil d'íosleibhéal gníomhaíochta talmhaíochta ar a laghad, mar atá leagtha amach ag na Ballstáit.

6. Áiritheoidh na Ballstáit, faoi 2032 ar a dhéanaí, nach bhfaighidh na hiarratasóirí a bhaineann an aois scoir amach, arna cinneadh faoin dlí náisiúnta, agus a fhaigheann pinsean scoir, tacaíocht faoin Airteagal seo a thuilleadh.

7. Áiritheoidh na Ballstáit nach gcuimseofar sa heicteár incháilithe ach limistéir atá ar fáil do na feirmeoirí agus arb é atá iontu:

(a) limistéir thalmhaíochta ina ndéantar gníomhaíocht talmhaíochta faoi rialuithe an fheirmeora i dtéarmaí bainistíochta, tairbhí agus rioscaí airgeadais. Má dhéantar gníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta ar na limistéir sin freisin, beidh an ghníomhaíocht talmhaíochta ceannasach;

(b) réimsí dá soláthraítear tacaíocht faoi Airteagal 5(1), pointí (a) agus (g), nó faoin tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta faoi Theideal III, Caibidil II, Roinn 2, Foroinn 2, de Rialachán (AE) 2021/2115, i gcás nach ndéantar gníomhaíocht talmhaíochta mar gheall ar ghealltanais agus oibleagáidí a eascraíonn as idirghabhálacha an Aontais nó as idirghabhálacha náisiúnta nó as cláir eile a rannchuidíonn le réimsí tosaíochta comhshaoil agus aeráide an CBT dá dtagraítear in Airteagal 4;

(c) Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gnéithe tírdhreacha a áireamh sa 'heicteár incháilithe', nach gcumhdaítear leis na gealltanais agus na scéimeanna dá dtagraítear i bpointe (b), ar choinníoll nach gcuireann na gnéithe tírdhreacha sin isteach go mór ar fheidhmíocht na gníomhaíochta talmhaíochta agus nach bhfuil siad ceannasach ar an dáileacht talmhaíochta.

*Airteagal 7*

***Íocaíocht d'fheirmeoirí beaga***

1. Cuirfidh na Ballstáit tacaíocht ioncaim ar fáil d'fheirmeoirí beaga, arna cinneadh ag na Ballstáit a thagann in ionad na tacaíochta faoi idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointí (a), (b) agus (d). Déanfaidh na Ballstáit an idirghabháil a cheapadh sa Phlean CNR sa chaoi is gur idirghabháil roghnach a bheidh ann ag na feirmeoirí.

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an tacaíocht faoin Airteagal seo dírithe go príomha ar fheirmeoirí a dhéanann gníomhaíocht talmhaíochta ar a ngabháltas agus a rannchuidíonn go gníomhach le slándáil bia.

Ní bheidh an íocaíocht bhliantúil do gach feirmeoir beag níos mó ná EUR 3 000.

2. Féadfaidh na Ballstáit idirdhealú a dhéanamh idir an tacaíocht a dheonaítear faoin Airteagal seo do ghrúpaí éagsúla feirmeoirí nó do limistéir gheografacha éagsúla.

*Airteagal 8*

***Íocaíocht i leith srianta nádúrtha nó srianta eile a bhaineann go sonrach le limistéar***

1. Cuirfidh na Ballstáit tacaíocht ar fáil chun feirmeoirí a chúiteamh as srianta nádúrtha nó as srianta eile a bhaineann go sonrach le limistéar.

2. Féadfar an íocaíocht i leith limistéar atá faoi shrianta nádúrtha nó faoi shrianta sonracha eile a chur ar fáil maidir leis na limistéir seo a leanas:

(a) limistéir a ainmníodh de bhun Airteagal 32 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14];

[14] Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 487), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1305/oj).

(b) limistéir a nua-ainmníodh i bhfianaise srianta sonracha arna sainiú ag na Ballstáit agus a cuireadh san áireamh sa Phlean CNR.

Féadfaidh na Ballstáit mionchoigeartú a dhéanamh chun limistéir a eisiamh laistigh de na limistéir arna n-ainmniú i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, pointí (a) agus (b), faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 32(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013.

Ní bheidh dromchla na limistéar arna n-ainmniú de bhun na chéad fhomhíre, pointe (b), níos mó ná 2 % de limistéar talmhaíochta an Bhallstáit lena mbaineann a úsáidtear.

3. Beidh na híocaíochtaí in aghaidh an heicteáir incháilithe teoranta do na costais bhreise nó don chaillteanas ioncaim a bhaineann le tabhairt faoi tháirgeadh talmhaíochta sna limistéir ainmnithe i gcomparáid le táirgeadh i limistéir neamhainmnithe.

*Airteagal 9*

***Tacaíocht do mhíbhuntáistí a thagann as ceanglais shainordaitheacha áirithe***

1. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht limistéarbhunaithe a chur ar fáil i limistéir thalmhaíochta agus foraoise le haghaidh míbhuntáistí a eascraíonn as cur chun feidhme na nithe seo a leanas:

(a) Treoir 92/43/CEE[15] ón gComhairle agus Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16].

(b) Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17].

Sa bhreis ar na limistéir dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a), féadfaidh na Ballstáit a chinneadh tacú le limistéir eile cosanta dúlra arna dteorannú ina bhfuil srianta comhshaoil is infheidhme maidir le feirmeoireacht nó le foraoiseacht agus a chuireann le cur chun feidhme Airteagal 10 de Threoir 92/43/CEE ar choinníoll nach sáraíonn na limistéir sin 5 % de na limistéir atá ainmnithe faoi Natura 2000 a chumhdaítear leis an bPlean CNR.

2. Féadfar íocaíochtaí faoin Airteagal seo a dheonú d’fheirmeoirí, do shealbhóirí foraoise agus dá gcomhlachais.

3. Ní fhéadfaidh na Ballstáit íocaíochtaí a dheonú faoin Airteagal seo ach chun tairbhithe a chúiteamh i leith na gcostas breise uile, nó cuid de na costais sin, agus an ioncaim tarscaoilte maidir le comhlíonadh na gceanglas sainordaitheach a eascraíonn as cur chun feidhme ghníomhartha an Aontais agus na bhforálacha a liostaítear i mír 1, an chéad fhomhír, lena n-áirítear costais idirbhirt.

---

15 Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7), ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1992/43/oj).

16 Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7), ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/147/oj).

17 Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1), ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2000/60/oj).

*Airteagal 10*
***Gníomhaíochtaí agra-chomhshaoil agus aeráide***

1. Cuirfidh na Ballstáit dreasachtaí ar fáil do na gníomhaíochtaí seo a leanas a rachaidh chun tairbhe don aeráid, don chomhshaol, do shláinte agus leas ainmhithe agus don fhoraoiseacht inbhuanaithe:

   (a) gealltanais bhainistíochta dheonacha arna nglacadh ag feirmeoirí agus ag tairbhithe eile, lena n-áirítear gealltanais chun feirmeoireacht orgánach a choinneáil ar bun agus táirgeadh beostoic a leathnú, arna mbunú agus arna gcur chun feidhme i gcomhréir le mír 3;

   (b) aistriú deonach i dtreo córais táirgthe athléimneacha arna ndéanamh ag feirmeoirí ar leibhéal an ghabháltais nó do chuid de ghabháltas, lena n-áirítear tiontú go feirmeoireacht orgánach agus leathnú na gcóras táirgthe beostoic, arna mbunú agus arna gcur chun feidhme i gcomhréir le mír 4.

2. Cuirfidh gach Ballstát tacaíocht ar fáil d'fheirmeoireacht orgánach arna deimhniú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18] agus do chórais fhairsinge táirgthe beostoic faoin dá chineál gníomhaíochta dá dtagraítear i mír 1.

3. Féadfaidh na gealltanais bhainistíochta dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), a bheith bliantúil nó ilbhliantúil agus féadfaidh na cuspóirí seo a leanas a bheith acu go háirithe:

   (a) cáilíocht an uisce a chosaint agus an brú ar acmhainní uisce a laghdú, ithir a chosaint, bainistiú cothaitheach, caomhnú na bithéagsúlachta, lena n-áirítear gnéithe tírdhreacha agus úsáid lotnaidicídí a laghdú;

   (b) maolú ar an athrú aeráide, lena n-áirítear laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ceapadh carbóin, oiriúnú don athrú aeráide, lena n-áirítear éagsúlacht ainmhithe agus plandaí le haghaidh éiceachórais athléimneacha;

   (c) sláinte agus leas ainmhithe, lena n-áirítear frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chomhrac;

   (d) úsáid inbhuanaithe agus forbairt acmhainní géiniteacha; nó

   (e) seirbhísí comhshaoil foraoise agus caomhnú foraoise.

4. Deonófar tacaíocht do na gníomhaíochtaí aistrithe dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), ar bhonn plean gníomhaíochta aistrithe arna tharraingt suas ag feirmeoir agus arna fhormheas ag an mBallstát. Chun an tacaíocht do ghníomhaíochtaí aistrithe dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), a chur chun feidhme, tabharfaidh na Ballstáit tuairisc sa Phlean CNR ar na córais táirgthe a mheasann siad a bheith tairbhiúil don aeráid agus don chomhshaol.

   Íocfaidh na Ballstáit an tacaíocht le feirmeoirí i dtráthchodanna le linn thréimhse chur chun feidhme an phlean gníomhaíochta aistrithe. Beidh íocaíocht na tráthchoda deiridh coinníollach ar chur chun feidhme an phlean gníomhaíochta aistrithe a thabhairt chun críche. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighfear na híocaíochtaí ar ais

---

[18] Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/848/oj).

má theipeann ar an bhfeirmeoir an plean gníomhaíochta aistrithe a chur chun feidhme.

5. Ní dheonóidh na Ballstáit tacaíocht ach do na gealltanais bhainistíochta dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), a théann thar na ceanglais reachtúla bhainistíochta ábhartha dá dtagraítear i gCuid A d'Iarscríbhinn I, agus do na híoscheanglais ábhartha maidir le leasachán agus táirgí cosanta plandaí a úsáid, leas ainmhithe agus ceanglais shainordaitheacha ábhartha eile arna mbunú leis an dlí náisiúnta agus le dlí an Aontais.

Mar sin féin, i gcás ina bhforchuirtear leis an dlí náisiúnta ceanglais a théann thar na híoscheanglais shainordaitheacha chomhfhreagracha a leagtar síos i ndlí an Aontais, féadfar tacaíocht a dheonú do ghealltanais bhainistíochta dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), lena rannchuidítear le comhlíonadh na gceanglas sin.

*Airteagal 11*
***Tacaíocht ioncaim chúpláilte***

1. Cuirfidh na Ballstáit tacaíocht ioncaim chúpláilte ar fáil d'fheirmeoirí in earnálacha sonracha talmhaíochta agus táirgí sonracha talmhaíochta, i gcás inarb ábhartha a shainítear i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, nó do chineálacha sonracha feirmeoireachta iontu, a mbíonn deacrachtaí acu agus atá tábhachtach ar chúiseanna socheacnamaíocha nó comhshaoil.

Beidh tacaíocht ioncaim chúpláilte i bhfoirm íocaíocht bhliantúil in aghaidh an heicteáir incháilithe nó in aghaidh ainmhí nó in aghaidh na coibhéise ainmhí, arna sainiú i gcomhréir le hIarscríbhinn II.

Is i gcás limistéir a chinnfidh na Ballstáit iad a bheith ina heicteáir incháilithe, agus i gcás na limistéar sin amháin, a fhéadfaidh na Ballstáit tacaíocht a dheonú i bhfoirm íocaíochta in aghaidh an heicteáir i gcomhréir le hAirteagal 6(7).

Féadfar tacaíocht do roschoill ghearruainíochta agus féara agus foráiste luibheach eile a áireamh sa tacaíocht a dheonaítear mar íocaíocht in aghaidh an heicteáir. Ní dheonófar tacaíocht do na hearnálacha tobac agus fíona.

Beidh tacaíocht a dheonófar mar íocaíocht in aghaidh an ainmhí teoranta d'earnálacha na mairteola agus na laofheola, an bhainne agus na dtáirgí bainne, na caoireola agus na ngabhar, na dtáirgí beachadóireachta agus na seiriceán.

2. Leis an tacaíocht dá dtagraítear i mír 1, tabharfar aghaidh ar riachtanais ioncaim bhreise ar bhonn critéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha.

3. Agus an tacaíocht dá dtagraítear i mír 1 á pleanáil acu, déanfaidh na Ballstáit an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag a gcinntí tacaíochta ar an margadh inmheánach a íoslaghdú.

4. Maidir le tacaíocht a dheonaítear mar íocaíocht in aghaidh an ainmhí leis na hearnálacha beostoic, cuirfidh na Ballstáit tionchair chomhshaoil san áireamh, lena n-áirítear trí chritéir maidir le huasdlús beostoic a shocrú i limistéir atá i mbaol níotráite.

*Airteagal 12*

***Tacaíocht do rannpháirtíocht in uirlisí bainistithe riosca***

1. Cuirfidh na Ballstáit tacaíocht ar fáil d'fheirmeoirí chun páirt a ghlacadh in uirlisí bainistithe riosca. Áiritheoidh na Ballstáit nach ndeonófar tacaíocht ach do chaillteanais a sháraíonn tairseach 20 % ar a laghad den mheántáirgeacht bhliantúil nó de mheánioncam an fheirmeora sa tréimhse 3 bliana roimhe sin nó meán 3 bliana bunaithe ar an tréimhse 5 bliana roimhe sin, gan an iontráil is airde ná an iontráil is ísle a chur san áireamh.

   De mhaolú ar an gcéad fhomhír, na Ballstáit a léiríonn sa Phlean CNR gurb ann do chórais náisiúnta lena soláthraítear cumhdach riosca d'fheirmeoirí, beidh siad díolmhaithe ón oibleagáid idirghabhálacha le haghaidh uirlisí bainistithe riosca faoin Airteagal seo a áireamh ina bPlean CNR.

2. Leis na huirlisí bainistithe riosca táirgeachta earnála, ríomhfar na caillteanais ar leibhéal an ghabháltais, ar leibhéal ghníomhaíocht an ghabháltais san earnáil lena mbaineann nó i ndáil leis an limistéar sonrach faoi árachas.

   I gcás barra buana agus i gcásanna eile a bhfuil údar leo nach iomchuí na modhanna ríomha dá dtagraítear sa chéad fhomhír ina leith, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le modh chun na caillteanais a ríomh bunaithe ar mheántáirgeacht bhliantúil nó mheánioncam an fheirmeora thar thréimhse nach faide ná 8 mbliana, gan an iontráil is airde ná an iontráil is ísle a áireamh.

3. Féadfaidh na Ballstáit modh malartach iomchuí a chur i bhfeidhm chun na caillteanais le haghaidh feirmeoirí óga agus feirmeoirí nua a ríomh.

4. Bunóidh na Ballstáit an mhodheolaíocht chun caillteanais a ríomh agus na tosca spreagtha le haghaidh cúitimh ina bPlean CNR. Áiritheoidh na Ballstáit go seachnófar aon róchúiteamh de dheasca na hidirghabhálacha faoin Airteagal seo a úsáid in éineacht le scéimeanna eile poiblí nó príobháideacha bainistithe riosca.

*Airteagal 13*

***Tacaíocht d'infheistíochtaí d'fheirmeoirí agus do shealbhóirí foraoise***

1. Deonóidh na Ballstáit tacaíocht faoin Airteagal seo d'infheistíochtaí táirgiúla agus neamhtháirgiúla lena rannchuideofar go hiomchuí ar an iomlán le hathléimneacht na talmhaíochta, na gcóras bia, na foraoiseachta agus na gceantar tuaithe, go háirithe an aeráid agus athléimneacht uisce. Míneoidh na Ballstáit ina bPleananna CNR an chaoi a bhfuil sé beartaithe acu tacaíocht den sórt sin a dheonú.

2. I gcás gabháltas thar thairseach áirithe, a chinnfidh na Ballstáit ina bPleananna CNR, tabharfar tacaíocht d'earnáil na foraoise ar choinníoll go soláthrófar faisnéis ábhartha a thiocfaidh ó phlean bainistithe foraoise nó ó ionstraim chomhionann atá i gcomhréir le bainistiú inbhuanaithe foraoisí arna shainmhíniú sa leagan is déanaí de Threoirlínte Ginearálta Forest Europe maidir le Bainistiú Inbhuanaithe Foraoisí san Eoraip.

3. Ní dheonófar tacaíocht d'infheistíochtaí in athchóiriú a dhéanamh ar acmhainneacht táirgthe talmhaíochta nó foraoiseachta a ndearnadh damáiste dóibh de dheasca tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha ach amháin nuair is é an teagmhas lena mbaineann ba chúis le scriosadh 30 % ar a laghad den acmhainn táirgthe talmhaíochta nó 20 % ar a laghad den acmhainn táirgthe foraoiseachta.

4. Leagfaidh na Ballstáit síos liosta infheistíochtaí agus catagóirí caiteachais neamh-incháilithe, lena n-áirítear an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) cearta táirgthe talmhaíochta a cheannach;

(b) talamh a cheannach ar mhéid is mó ná 10 % den chaiteachas incháilithe iomlán ar an oibríocht lena mbaineann, cé is moite de thalamh a cheannaítear le haghaidh caomhnú comhshaoil agus caomhnú ithreach ar mhórán carbóin;

(c) ainmhithe a cheannach, agus bliantóga a cheannach agus a phlandú, chun críche seachas na críocha seo a leanas:

(i) acmhainn talmhaíochta nó foraoiseachta a athbhunú tar éis tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha;

(ii) beostoc a chosaint ar chreachadóirí móra nó ar a bheith á úsáid i bhforaoiseacht in ionad innealra;

(iii) pórtha i mbaol a thógáil mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (24) de Rialachán (AE) 2016/1012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19] faoi na gealltanais bhainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 10(1), pointe (a);

(iv) tógáil bó-ainmhithe, ainmhithe caorach nó ainmhithe folaíochta gabhair a bhfuil ardluach géiniteach orthu le haghaidh pórúcháin chun feabhas a chur ar cháilíocht agus táirgiúlacht tréad beostoic nó chun pórtha neamhchoitianta nó áitiúla a chaomhnú;

(v) cineálacha plandaí atá i mbaol ó chreimeadh géiniteach a chaomhnú faoi na gealltanais dá dtagraítear in Airteagal 10(1), pointe (a);

(d) ráta úis ar fhiachas, cé is moite de dheontais arna dtabhairt i bhfoirm fóirdheontas ráta úis nó i bhfoirm fóirdheontas táille ráthaíochta.

5. De mhaolú ar mhír 4, pointí (a), (b) agus (c), ní bheidh feidhm ag an gceanglas sin i gcás ina gcuirtear an tacaíocht ar fáil trí ionstraimí airgeadais.

6. I gcás ina mbeidh de thoradh ar dhlí an Aontais go gcuirfear ceanglais nua ar fheirmeoirí, féadfar tacaíocht a dheonú d'infheistíochtaí chun na ceanglais sin a chomhlíonadh ar feadh uastréimhse 36 mhí ón dáta a mbeidh siad éigeantach don ghabháltas.

7. Ní fhéadfaidh na Ballstáit íocaíochtaí a dheonú faoin mír seo ach amháin chun tairbhithe a chúiteamh i leith na gcostas breise uile, nó cuid de na costais sin a bhaineann le comhlíonadh na gceanglas sin.

I gcás feirmeoirí óga atá ag dul i mbun gnó den chéad uair i ngabháltas talmhaíochta mar cheann an ghabháltais, féadfar tacaíocht le haghaidh infheistíochtaí chun ceanglais dhlí an Aontais a chomhlíonadh a dheonú ar feadh uastréimhse 36 mhí ó dháta an bhunaithe, nó go dtí go gcuirfear na gníomhaíochtaí a shainítear sa phlean gnó dá dtagraítear in Airteagal 14(3) i gcrích. Ní fhéadfaidh na Ballstáit íocaíochtaí a

---

19 Rialachán (AE) 2016/1012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le coinníollacha zóiteicniúla agus gineolaíocha i dtaca le pórú agus trádáil ainmhithe pórúcháin folaíochta, muca pórúcháin hibrideacha, agus táirgí geirmeacha díobh san Aontas agus lena dtabhairt isteach san Aontas agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 652/2014, Treoir 89/608/CEE ón gComhairle agus Treoir 90/425/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse an phóraithe ainmhithe ('An Rialachán maidir le Pórú Ainmhithe') ( IO L 171, 29.6.2016, lch. 66) ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1012/oj).

dheonú faoin mír seo ach amháin chun tairbhithe a chúiteamh i leith na gcostas breise uile, nó cuid de na costais sin a bhaineann le comhlíonadh na gceanglas sin.

*Airteagal 14*

***Cabhrú le feirmeoirí óga dul i mbun gnó, le tionscnamh gnólachtaí tuaithe agus le feirmeacha beaga a fhorbairt***

1. Cuirfidh na Ballstáit tacaíocht ar fáil chun feirmeoirí óga a chur i mbun gnó agus chun gnólachtaí tuaithe a thionscnamh, lena n-áirítear feirmeoirí nua a chur i mbun gnó, faoi na coinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo agus a shonraítear a thuilleadh ina bPleananna CNR.

2. Ní fhéadfaidh na Ballstáit tacaíocht a dheonú faoin Airteagal seo ach chun cuidiú leis an méid seo a leanas:

   (a) feirmeoirí óga a chur i mbun gnó a chomhlíonann na coinníollacha dá bhforálann na Ballstáit ina bPleananna CNR i gcomhréir le hAirteagal 4(22), pointe (d) de Rialachán (AE) […] [CNR];

   (b) gnólachtaí tuaithe a thionscnamh a bhaineann le talmhaíocht nó le foraoiseacht, lena n-áirítear feirmeoirí nua a chur i mbun gnó, nó le hioncam teaghlaigh feirme a éagsúlú i ngníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta;

   (c) gnólachtaí tuaithe a thionscnamh;

   (d) forbairt gnó feirmeacha beaga, arna cinneadh ag na Ballstáit,

3. Leagfaidh na Ballstáit síos coinníollacha maidir le plean gnó a thíolacadh agus maidir le hábhar an phlean sin gur chóir do thairbhithe a chur ar fáil ionas go bhfaighidh siad tacaíocht faoin Airteagal seo.

4. Deonóidh na Ballstáit an tacaíocht i gcnapshuimeanna nó i bhfoirm ionstraimí airgeadais nó mar mheascán den dá rud. Uasmhéid cabhrach EUR 300 000 a bheidh sa tacaíocht agus féadfar í a dhifreáil i gcomhréir le critéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha.

*Airteagal 15*

***Straitéis athnuachana ó ghlúin go glúin***

Bunóidh na Ballstáit ina bPlean CNR Straitéis maidir le hAthnuachan ó Ghlúin sa Talmhaíocht chun feabhas a chur ar éifeachtacht agus ar chomhleanúnachas na n-idirghabhálacha atá dírithe ar fheirmeoirí óga faoin Rialachán seo, agus tionscnaimh náisiúnta. Áireofar an méid seo a leanas sa Straitéis:

   (a) measúnú ar an staid dhéimeagrafach atá ann faoi láthair in earnáil na talmhaíochta;

   (b) bacainní iontrála d’fheirmeoirí óga a shainaithint agus tionscnaimh náisiúnta atá beartaithe agus bearta chun iad a shárú;

   (c) tuairisc ar an gcaoi a n-úsáidfear an Pacáiste tosaigh d’fheirmeoirí óga dá dtagraítear in Airteagal 16 sa chomhthéacs náisiúnta;

   (d) sineirgí idir bearta a rannchuidíonn le hathnuachan ó ghlúin go glúin a leagtar amach sa Phlean CNR.

*Airteagal 16*
***Pacáiste tosaigh d'fheirmeoirí óga***

1. Áireofar sa Phacáiste tosaigh d'fheirmeoirí óga sraith de na bearta seo a leanas, i gcomhréir leis an Straitéis maidir le hAthnuachan ó Ghlúin sa Talmhaíocht dá dtagraítear in Airteagal 15;

(a) tacaíocht d'fheirmeoirí óga a chur i mbun gnó i gcomhréir le hAirteagal 14;

(b) tacaíocht ioncaim chéimlaghdaitheach limistéarbhunaithe d'fheirmeoirí óga i gcomhréir le hAirteagal 6;

(c) tacaíocht d'fheirmeoirí beaga i gcomhréir le hAirteagal 7 lena ndírítear ar fheirmeoirí óga;

(d) tacaíocht infheistíochta le déine cabhrach níos airde d'fheirmeoirí óga;

(e) deiseanna chun infheistíochtaí arna gcur chun feidhme ag feirmeoirí óga a mhaoiniú trí na hionstraimí airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 71 de Rialachán (AE) [...] [CNR];

(f) tacaíocht do ghnólachtaí nuathionscanta tuaithe;

(g) idirghabhálacha comhair lena n-éascaítear rochtain ar nuálaíocht trí thionscadail ghrúpaí oibríochtúla CEN-AGRI i gcomhréir le hAirteagal 19 den Rialachán seo agus le hAirteagal 74 de Rialachán (AE) [...] [CNR];

(h) idirghabhálacha comhair lena n-éascaítear comhar idirghlúine lena n-áirítear comharbas feirme i gcomhréir le hAirteagal 74 de Rialachán (AE) [...] [CNR];

(i) tacaíocht do sheirbhísí faoisimh feirme i gcomhréir le hAirteagal 17;

(j) rochtain ar sheirbhísí comhairleacha agus ar chláir oiliúna atá saincheaptha do riachtanais feirmeoirí óga, i gcomhréir le hAirteagal 20.

2. Déanfaidh na Ballstáit naisc agus sineirgí le bearta eile a leagtar amach ina bPleananna CNR a chomhtháthú i ndearadh na mbeart dá dtagraítear i mír 1, go háirithe maidir le bearta lena n-éascaítear comharbas idirghlúine agus athnuachan ó ghlúin go glúin, infheistíochtaí do ghnólachtaí nuathionscanta tuaithe, nó rochtain ar ionstraimí airgeadais agus úsáid na n-ionstraimí sin.

3. Chun rochtain ar na hidirghabhálacha dá dtagraítear i mír 1 a éascú, bunóidh na Ballstáit pointe rochtana aonair d'fheirmeoirí óga a fhéadfaidh, *inter alia*, faisnéis a sholáthar maidir le deiseanna agus nósanna imeachta tacaíochta agus iontráil agus bunú in earnáil na talmhaíochta a éascú, lena n-áirítear iarratais ar chistiú agus treoraíocht a thíolacadh.

*Airteagal 17*
***Seirbhísí faoisimh feirme***

1. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht a chur ar fáil do na seirbhísí faoisimh feirme, lena gceadaítear d'fheirmeoirí saoire a ghlacadh maidir le breoiteacht, iompar clainne, cúram a thabhairt do leanaí agus do dhaoine eile den teaghlach, laethanta saoire agus imeachtaí saoil comhchosúla, chomh maith le rannpháirtíocht in oiliúint, mar a shonraítear a thuilleadh ina bPleananna CNR.

2. Beidh an tacaíocht sin teoranta do sheirbhísí faoisimh feirme a bhunú agus do chostais phá na n-oibrithe a chuirfear in ionad shealbhóir na feirme ar feadh tréimhse teoranta ama.

*Airteagal 18*
***LEADER***

1. Cuirfidh na Ballstáit tacaíocht ar fáil do LEADER chun straitéisí forbartha áitiúla LEADER a ullmhú agus a chur chun feidhme faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 76 de Rialachán (AE) [...] [CNR] agus mar a shonraítear a thuilleadh ina bPleananna CNR.

2. Tacóidh na Ballstáit le LEADER ar a laghad i gceantair thuaithe faoi mhíbhuntáistí sonracha arna sainiú ag na Ballstáit sna Pleananna CNR.

3. Cuirfidh na Ballstáit tacaíocht ar fáil trí LEADER do thionscadail arna gcur chun feidhme ag grúpaí gníomhaíochta áitiúla lena mbaineann gnólachtaí nuathionscanta, acmhainneacht bhreisluacha sa chlaochlú, éagsúlú gníomhaíochtaí feirme, lena n-áirítear agrathurasóireacht, díol díreach táirgí talmhaíochta agus nuálaíocht.

4. Beidh an tacaíocht a chuirfear ar fáil ó LEADER dírithe ar réimsí forbartha tuaithe a bhfuil breisluach ag baint leo d’fheirmeoirí agus do shealbhóirí foraoise, amhail claochlú sóisialta, comhshaoil, digiteach agus eacnamaíoch na gceantar tuaithe, feabhas a chur ar fholláine na saoránach tuaithe, an caipiteal sóisialta a neartú.

*Airteagal 19*
***Tacaíocht do chomhroinnt eolais agus nuálaíocht sa talmhaíocht, san fhoraoiseacht, agus i gceantair thuaithe***

1. Cuirfidh na Ballstáit tacaíocht ar fáil do chomhroinnt eolais agus nuálaíocht sa talmhaíocht, san fhoraoiseacht agus i gceantair thuaithe faoi na coinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo. Cuirfidh na Ballstáit tacaíocht ar fáil:

   (a) chun tionscadail ghrúpaí oibríochtúla CEN-AGRI a ullmhú agus a chur chun feidhme chomh maith le gníomhaíochtaí chun glacadh níos leithne le torthaí na dtionscadal a áirithiú;

   (b) le haghaidh gníomhaíochtaí chun nuálaíocht, oiliúint agus comhairle, forbairt scileanna, seirbhísí comhairleacha agus cineálacha eile comhroinnte eolais agus scaipthe faisnéise a chur chun cinn.

   Is do na seirbhísí comhairleacha sin a chomhlíonann Airteagal 20(3), agus dóibh amháin a dheonófar tacaíocht.

2. Is é is aidhm do CEN-AGRI dlús a chur le forbairt agus le húsáid nuálaíochtaí trí fheabhas a chur ar mhalartú eolais agus sineirgí a chothú idir beartais, gníomhaithe agus ionstraimí sa talmhaíocht, san fhoraoiseacht agus i gceantair thuaithe. Scaipfear na torthaí óna cuid oibre agus déanfar iad a iolrú trí AKIS.

   Déanfaidh CEN-AGRI an méid seo a leanas:

   (a) tacú le tionscadail chomhair le haghaidh nuálaíochta trí ghrúpaí oibríochtúla bunaithe ar an ‘samhail nuálaíochta idirghníomhach’ dá dtagraítear i mír 4;

   (b) taighde agus cleachtas feirmeoireachta agus foraoiseachta a nascadh agus an pobal eolaíochta a chur ar an eolas faoi riachtanais na gcleachtas sin;

   (c) gníomhaithe agus tionscadail nuálaíochta a nascadh, go háirithe trí líonraí an Aontais agus trí líonraí náisiúnta CBT;

   (d) úsáid réiteach nuálach a chur chun cinn trí fhaisnéis agus eolas a scaipeadh, lena n-áirítear malartuithe idir feirmeoirí.

3. Beidh na tionscadail arna gcur chun feidhme ag grúpaí oibríochtúla CEN-AGRI bunaithe ar an 'samhail nuálaíochta idirghníomhach' a chomhlíonann na prionsabail seo a leanas:

(a) réitigh nuálacha a fhorbairt lena ndíreofar ar riachtanais shonracha feirmeoirí, sealbhóirí foraoise agus gníomhaithe tuaithe;

(b) comhpháirtithe a bhfuil eolas comhlántach acu a thabhairt le chéile amhail an saol acadúil, taighdeoirí agus an pobal feirmeoireachta, agus i gcás inarb ábhartha, gníomhaithe an bhiashlabhra agus a rannpháirtíocht ghníomhach i dtionscadail a áirithiú;

(c) déantar na tionscadail a chomhchruthú agus a chomhchinneadh i measc na ngníomhaithe a bhfuil baint acu leis na tionscadail agus cuirtear chun feidhme iad ar bhealach comhairleach, lena n-áirítear an acmhainn maidir le huas-scálú a áirithiú.

Áiritheoidh na Ballstáit go scaipfear príomhthorthaí na dtionscadal dá dtagraítear sa mhír seo trí bhealaí atá dírithe ar chleachtas, lena n-áirítear líonraí náisiúnta CBT agus líonraí CBT an Aontais. Áireofar san fhaisnéis a scaipfear cuspóirí na dtionscadal, na comhpháirtithe rannpháirteacha, na príomhréimsí téamacha ar tugadh aghaidh orthu, suíomh geografach an tionscadail, buiséad iomlán, agus toradh deiridh an tionscadail, agus béim á leagan ar na réitigh phraiticiúla nuálacha arna bhforbairt.

4. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht a dheonú do thionscadail ghrúpaí oibríochtúla CEN-AGRI faoi na coinníollacha seo a leanas:

(a) ní fhéadfar tacaíocht a dheonú ach amháin ar bhonn plean tionscadail formheasta atá bunaithe ar na prionsabail dá dtagraítear i mír 3;

(b) beidh dhá ghníomhaí éagsúla ar a laghad rannpháirteach sa ghrúpa oibríochtúil a chuirfidh an tionscadal chun feidhme agus rannchuideoidh sé le cuspóir sonrach amháin nó níos mó a bhaineann le CBT a leagtar amach in Airteagal 3, pointe (d), de Rialachán (AE) [...] [CNR];

Leagfaidh na Ballstáit síos critéir oibiachtúla agus ceanglais thrédhearcacha maidir le hábhar, fad, cur isteach agus formheas na bpleananna tionscadail atá le tarraingt suas ag grúpaí oibríochtúla CEN-AGRI.

5. Ní chuirfidh na Ballstáit tacaíocht ar fáil faoin Airteagal seo maidir le comhroinnt eolais agus nuálaíocht nach mbaineann ach le comhlachtaí taighde.

*Airteagal 20*

***Córais um eolas agus nuálaíocht talmhaíochta agus seirbhísí comhairleacha feirme***

1. Áiritheoidh gach Ballstát go mbeidh rochtain ag feirmeoirí agus ag sealbhóirí foraoise ar an nuálaíocht agus go mbeidh teacht acu ar eolas nua ar bhealach tráthúil agus éifeachtach, rud a chuirfidh ar a gcumas réitigh nuálacha inbhuanaithe a chur in úsáid go héifeachtach agus leas a bhaint as eolas atá cothrom le dáta in earnáil na talmhaíochta.

2. Chun an ceanglas a leagtar síos i mír 1 a chomhlíonadh, bunóidh gach Ballstát sa Phlean CNR conas a bheidh teacht ag feirmeoirí ar nuálaíochtaí agus ar eolas cothrom le dáta, go háirithe tríd an gCóras um Eolas agus Nuálaíocht Talmhaíochta (AKIS). Áireofar an méid seo a leanas in AKIS:

(a) socruithe chun sreafaí éifeachtacha eolais agus sineirgí a áirithiú idir comhairleoirí, taighdeoirí, cleachtóirí, líonraí náisiúnta CBT agus páirtithe leasmhara ábhartha eile;

(b) gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar an rochtain atá ag feirmeoirí agus ag sealbhóirí foraoise ar chomhairle neamhchlaonta cháilithe;

(c) tacaíocht don nuálaíocht mar chuid de na seirbhísí comhairleacha feirme, go háirithe tacaíocht do ghrúpaí oibríochtúla CEN-AGRI dá dtagraítear in Airteagal 19 lena n-áirítear tacaíocht le haghaidh úsáid na ‘samhla nuálaíochta idirghníomhaí’ dá dtagraítear in Airteagal 19(4);

(d) plean chun feabhas a chur ar scaipeadh agus ar léiriú torthaí taighde agus réiteach nuálach agus inbhuanaithe d’fheirmeoirí, do shealbhóirí foraoise agus d’úsáideoirí deiridh eile ar mhórscála;

(e) idirghabhálacha a leagtar amach sa Phlean CNR lena dtacaítear le hoibríocht AKIS, go háirithe iad siúd dá dtagraítear in Airteagal 19, agus a gcomhlántacht agus a gcomhleanúnachas le tionscnaimh náisiúnta ábhartha agus le bearta ábhartha eile a leagtar amach i bPlean CNR;

(f) córas chun seirbhísí comhairleacha feirme a sholáthar, arna bhunú i gcomhréir le mír 3.

3. Mar chuid de AKIS, tabharfaidh na Ballstáit tuairisc i bPleananna CNR ar chóras agus cuirfidh siad córas chun feidhme chun seirbhísí comhairleacha feirme a sholáthar atá le bunú chun tacú le rochtain ar eolas agus le cur in úsáid agus úsáid níos leithne nuálaíochtaí. Cumhdóidh na seirbhísí comhairleacha feirme na heilimintí uile seo a leanas:

(a) comhairle d’fheirmeoirí agus do shealbhóirí foraoise maidir le bainistiú inbhuanaithe athléimneach talún, feirmeacha agus foraoisí atá curtha in oiriúint do chineálacha feirme agus do chórais táirgthe éagsúla, chomh maith leis na ceanglais maidir le tacaíocht a leagtar amach i bPleananna CNR, lena n-áirítear maoirseacht feirme, bunú agus aistrithe gabháltas agus gnólachtaí nuathionscanta; bainistiú gnó, rochtain ar thacaíocht shóisialta, feasacht a mhúscailt faoi shaincheisteanna meabhairshláinte agus infhaighteacht na seirbhísí ábhartha; agus úsáid nuálaíochtaí, réiteach sonraíbhunaithe agus uirlisí digiteacha;

(b) Comhairle spriocdhírithe d’fheirmeoirí óga, go háirithe maidir le bainistiú gnó, rochtain ar mhaoiniú, rochtain ar thacaíocht phoiblí, rochtain ar eolas agus nuálaíocht.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain dhíreach ag feirmeoirí agus ag sealbhóirí foraoise ar chomhairleoirí, amhail trí bhunachair sonraí phoiblí comhairleoirí a chur ar fáil. Áiritheoidh na Ballstáit gur comhairle neamhchlaonta a bheidh sa chomhairle a thabharfar d’fheirmeoirí agus do shealbhóirí foraoise agus go mbeidh na cáilíochtaí cuí ag comhairleoirí agus go mbeidh siad saor ó choinbhleacht leasa.

*Airteagal 21*

***An t-údarás atá i gceannas ar rialachas sonraí faoi CBT***

1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás amháin a bheidh freagrach as gníomhaíochtaí a dhéanamh nó a chomhordú chun idir-inoibritheacht náisiúnta agus trasteorann a bhaint amach agus a choinneáil ar bun idir córais faisnéise a úsáidtear chun CBT a chur chun feidhme, a riar, chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh air ar mhaithe le feirmeoirí agus tairbhithe eile CBT. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn idir-inoibritheacht cumas na gcóras faisnéise idirghníomhú le chéile trí shonraí a chomhroinnt trí bhíthin cumarsáid leictreonach.

2. Seo a leanas na cúraimí a bheidh ar an údarás ainmnithe go háirithe:

(a) treochlár a tharraingt suas agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin ar leibhéal an Bhallstáit chun idir-inoibritheacht a bhaint amach agus a choinneáil ar bun (dá ngairtear an 'Treochlár' anseo feasta) agus obair leantach a dhéanamh ar bharúlacha an Choimisiúin maidir leis an Treochlár;

(b) cur chun feidhme an Treochláir a chomhordú, nó, de réir mar a chinnfidh an Ballstát, cur chun feidhme an Treochláir a chomhordú ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach agus tráthúil;

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir le hainmniú an údaráis faoin [Oifig na bhFoilseachán: [laistigh de thrí mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] ar a dhéanaí.

3. Maidir leis an Treochlár dá tagraítear i mír 2, cumhdófar an méid seo a leanas ina leith:

(a) riachtanais a shainaithint chun an idir-inoibritheacht dá dtagraítear i mír 1 a bhaint amach agus a choinneáil ar bun, agus bearta a cheapadh chun aghaidh a thabhairt orthu chomh maith le creat ama le garspriocanna agus spriocanna lena gcur chun feidhme;

(b) sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le tionscnaimh idir-inoibritheachta eile de chuid an Aontais agus le tionscnaimh idir-inoibritheachta náisiúnta a shainaithint.

A mhéid is féidir, bunóidh na Ballstáit a measúnú ar riachtanais agus dearadh na mbeart ar an bprionsabal nach mbailítear sonraí ach aon uair amháin agus nach n-athúsáidtear iad.

Maidir leis na eilimintí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a), breithneoidh an Ballstát go háirithe an gá atá le creat aonair céannachta digití a bhunú agus breithneoidh sé ailíniú le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an Tiachóg Eorpach Céannachta Digití do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha.

4. Cuirfidh na Ballstáit tuarascáil bhliantúil faoi bhráid an Choimisiúin faoin 16 Nollaig gach bliain féilire maidir le cur chun feidhme an Treochláir, ina ndéanfar measúnú ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na gcéimeanna agus na mbeart agus ar an tráthchlár a leagtar amach sa Treochlár.

I gcás inar gá, cuirfidh na Ballstáit leasuithe ar na Treochláir mar aon leis na tuarascálacha bliantúla faoi bhráid an Choimisiúin.

Cuirfidh na Ballstáit an chéad tuarascáil bhliantúil faoi bhráid an Choimisiúin faoin 16 Nollaig 2029.

5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23, a bhfuil gá leo chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme idir-inoibritheacht agus malartú rianúil sonraí idir córais faisnéise a úsáidtear chun CBT a chur chun feidhme agus chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu ar bhealach éifeachtúil, comhleanúnach, éifeachtach agus tráthúil, lena bhforlíonfar an tAirteagal seo le rialacha i gcás inar gá sin chun an Treochlár dá dtagraítear i mír 2 a chur chun feidhme chomh maith le rialacha maidir leis na bearta idir-inoibritheachta dá dtagraítear i mír 3, pointe (b).

6. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) foirm agus ábhar an Treochláir agus na tuarascála bliantúla;

(b) socruithe maidir leis na Treochláir agus na tuarascálacha bliantúla a tharchur chuig an gCoimisiún nó a chur ar fáil dó.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 24.

*Airteagal 22*

***Bearta chun fadhbanna sonracha a réiteach***

1. Chun fadhbanna sonracha a réiteach, glacfaidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme a mbeidh gá agus údar leo araon i gcás éigeandála. D'fhéadfadh maolú ar fhorálacha an Rialacháin seo a bheith i gceist leis na gníomhartha cur chun feidhme sin a mhéid agus a fhad a mbeidh fíorghá leis. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 24(2).

2. I gcás ina n-éileofar sin le forais phráinne a mbeidh údar cuí leo, agus chun fadhbanna sonracha dá dtagraítear i mír 1 a réiteach agus leanúnachas idirghabhálacha CBT a leagtar amach sa Phlean CNR á áirithiú an tráth céanna, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a bheidh infheidhme láithreach bonn, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 24(3).

3. Beidh bearta a ghlacfar de bhun mhír 1 nó 2 i bhfeidhm ar feadh tréimhse nach faide ná 12 mhí. Más ann, tar éis na tréimhse sin, do na fadhbanna sonracha dá dtagraítear sna míreanna sin, féadfaidh an Coimisiún tograí iomchuí reachtacha a thíolacadh chun réiteach buan a bhunú.

4. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi aon bheart a ghlacfar faoi mhír 1 nó 2 laistigh de 2 lá oibre tar éis a ghlactha.

*Airteagal 23*

***An tarmligean a fheidhmiú***

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar don Choimisiún an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Tugtar an chumhacht don Choimisiún na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 21(6) a ghlacadh go ceann tréimhse 7 mbliana ón [Oifig na bhFoilseachán: [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin]]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 7 mbliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na

hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an tarmligean cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 21(6) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh leis an tarmligean cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí ná sin a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe, rachaidh sé i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe, tabharfaidh sé fógra faoi, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlacfar de bhun Airteagal 21(6) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí ó cuireadh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoin ngníomh sin, nó, sula rachaidh an tréimhse sin in éag, má tá sé curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon don Choimisiún nach gcuirfidh siad ina choinne. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 24*

***Nós imeachta coiste***

1. Tabharfaidh coiste darb ainm 'Coiste an Chomhbheartais Talmhaíochta' cúnamh don Choimisiún. Beidh an Coiste ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011[20] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus beidh de chúram air tuairimí a eisiúint maidir le haon ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun an Rialacháin seo.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcomhar le hAirteagal 5 de.

*Airteagal 25*

***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

20 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).

Beidh feidhm aige ón [Oifig na bhFoilseachán: [dáta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí le haghaidh na tréimhse 2028 go 2034].

This Regulation shall be binding in its entirety and directly applicable in the Member States in accordance with the Treaties.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |